2026/2596

23.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2596 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Samhain 2026

lena suitear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht pháirteach an naoú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Colún I den tSaoráid don Úcráin ('an tSaoráid'), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/792, cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 46 873 049 093,86, mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle ([2]), agus coibhéis NOK 1 000 000 000 in EUR, mar a leagtar amach sa Chinneadh sin ([3]), ar fáil don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024-2027.

(2) Is i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha agus iasachtaí atá an tacaíocht airgeadais.

(3) Leithdháiltear tacaíocht airgeadais faoi Cholún I den tSaoráid den chuid is mó ar bhonn Phlean na hÚcráine ('an Plean') ([4]), a d'fhormheas an Chomhairle le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447. Leagtar amach sa Phlean na céimeanna nach mór don Úcráin a chomhlíonadh chun na tráthchodanna ráithiúla a fháil.

(4) Go dtí seo, eisíocadh EUR 32 455 384 486,86 leis an Úcráin faoi Cholún I den tSaoráid. As an méid sin, eisíocadh EUR 4 431 301 973,86 i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus eisíocadh EUR 20 134 082 513 i bhfoirm iasachtaí faoi na chéad ocht dtráthchuid den Phlean. Ina theannta sin, fuair an Úcráin EUR 6 000 000 000 mar mhaoiniú eisceachtúil idirlinne agus EUR 1 890 000 000 mar réamh-mhaoiniú, de bhun Airteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792.

(5) I gcomhréir leis an gcomhaontú iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/792, úsáideadh méid EUR 1 455 253 522 ó na chéad ocht dtráthchuid sin chun réamh-mhaoiniú na hiasachta faoin tSaoráid a imréiteach.

([1]) IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).
([3]) I gcomhréir leis an gCinneadh sin, soláthróidh an Iorua NOK 1 000 000 000 mar ranníocaíocht airgeadais bhreise le Colún I den tSaoráid i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha, tar éis comhaontú maidir le haistriú idir an Iorua agus an Coimisiún a theacht i bhfeidhm agus tar éis aistriú na ranníocaíochta airgeadais gaolmhaire.
([4]) Áirítear i dtacaíocht airgeadais faoi Cholún I den tSaoráid maoiniú eisceachtúil idirlinne mar a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/792 sa bhreis ar an tacaíocht atá ar fáil faoin bPlean.

(6) An 30 Meán Fómhair 2026, chuir an Úcráin iarraidh isteach ar íocaíocht cuid den cheathrú, den seachtú, den ochtú agus den naoú tráthchuid faoin bPlean, is é sin EUR 8 305 265 116. Cumhdaíodh leis an iarraidh freisin céim amháin sa deichiú tráthchuid.

(7) Go háirithe, bhí doiciméid ag gabháil leis an iarraidh a cuireadh i láthair mar fhianaise gur chomhlíon an Úcráin céim amháin sa cheathrú tráthchuid, trí chéim sa seachtú tráthchuid, céim amháin san ochtú tráthchuid, 17 gcéim sa naoú tráthchuid agus céim amháin sa deichiú tráthchuid. Chuir an Úcráin isteach freisin doiciméid a cheanglaítear faoi na comhaontuithe a tugadh i gcrích de bhun Airteagail 9, 10 agus 22 de Rialachán (AE) 2024/792 ([5]).

(8) Baineann na céimeanna atá ina mbonn taca leis an iarraidh is déanaí ar íocaíocht ón Úcráin le hathchóirithe agus infheistíochtaí éagsúla a leagtar amach sa Phlean a thagann, den chuid is mó, faoi na caibidlí maidir leis an gcóras breithiúnach; an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid; margaí airgeadais; sócmhainní poiblí a bhainistiú; an caipiteal daonna; an timpeallacht ghnó; an dílárú agus beartas réigiúnach; an earnáil fuinnimh; an t-iompar; an earnáil agraibhia; an claochlú digiteach; agus an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil.

(9) Mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar iarraidh na hÚcráine i gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2024/792. Tháinig sé ar an gconclúid gur chomhlíon an Úcráin go sásúil céim 4.3 faoin gceathrú tráthchuid faoin bPlean, céimeanna 4.8, 6.7 agus 10.3 faoin seachtú tráthchuid, céim 15.8 faoin ochtú tráthchuid, agus céimeanna 3.10, 3.17, 4.20, 5.3, 5.5, 7.7, 7.12, 7.14, 7.18, 7.20, 8.12, 9.7, 10.19, 12.9, 14.4 agus 15.11 faoin naoú tráthchuid.

(10) Mheas an Coimisiún gur chomhlíon an Úcráin céim 6.3 go páirteach faoin naoú tráthchuid. Ina theannta sin, mheas an Coimisiún gur chomhlíon an Úcráin céim 10.21 go sásúil faoin deichiú tráthchuid. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an modheolaíocht chun páirt-chomhlíonadh na gcéimeanna sa Phlean a láimhseáil a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2026 ([6]), molann an Coimisiún an méid sin a chur san áireamh mar fhachtóir maolaitheach.

(11) Ina theannta sin, de réir mheasúnú an Choimisiúin, tá an réamhchoinníoll maidir le tacaíocht ón Aontas a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/792 á chomhlíonadh ag an Úcráin fós. Go háirithe, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus d'urraim a ráthú do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

(12) Ina hiarraidh ar íocaíocht, dheimhnigh an Úcráin nár aisiompaigh sí aon bheart a bhaineann leis na céimeanna a bhí comhlíonta go sásúil aici roimhe sin.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart a shuí leis an gCinneadh seo go bhfuil na coinníollacha ábhartha comhlíonta go sásúil ag an Úcráin maidir leis an gceathrú tráthchuid a íoc i leith céim amháin a bhí fágtha a chur i gcrích faoin bPlean, maidir leis an seachtú tráthchuid a íoc i leith trí chéim a bhí fágtha a chur i gcrích, maidir leis an ochtú tráthchuid a íoc i leith céim amháin a bhí fágtha a chur i gcrích agus maidir leis an naoú tráthchuid a íoc i leith 16 chéim.

(14) I bhfianaise riachtanais mhaoiniúcháin phráinneacha na hÚcráine, tá sé ríthábhachtach na cistí a eisíoc a luaithe is féidir. D'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

([5]) Áirítear leis na comhaontaithe faoi seach: an creat a tugadh i gcrích de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/792, an comhaontú airgeadais a tugadh i gcrích de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/792, agus an comhaontú iasachta a tugadh i gcrích de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/792.

([6]) Teachtaireacht ón gCoimisiún lena leasaítear an mhodheolaíocht chun páirt-chomhlíonadh na gcéimeanna i bPlean na hÚcráine a láimhseáil faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin agus a chuirtear in ionad Theachtaireacht C(2025) 1725 (IO C, C/2026/2328, 17.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2328/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. I gcomhréir leis an measúnú ón gCoimisiún dá bhforáiltear de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, suíonn an Chomhairle gur chomhlíon an Úcráin go sásúil na coinníollacha ábhartha maidir le híocaíocht pháirteach de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gceathrú, ón seachtú, ón ochtú agus ón naoú tráthchuid den chúnamh airgeadais faoi Phlean na hÚcráine. EUR 8 040 665 425 a bheidh sa chúnamh sin sula n-imréitítear an réamh-mhaoiniú, dá gcomhfhreagraíonn EUR 298 747 120 don cheathrú tráthchuid, dá gcomhfhreagraíonn EUR 368 010 368 don seachtú tráthchuid, dá gcomhfhreagraíonn EUR 95 530 669 don ochtú tráthchuid, agus dá gcomhfhreagraíonn EUR 7 278 377 268 don naoú tráthchuid.

2. Agus comhlíonadh sásúil céim amháin faoin deichiú tráthchuid agus páirt-chomhlíonadh céim amháin faoin naoú tráthchuid á gcur san áireamh, mar aon le tábhacht na gcéimeanna nár comhlíonadh, na cúiseanna nár comhlíonadh iad, agus tábhacht na céime a comhlíonadh go luath, cuirtear fachtóir maolaitheach dar luach EUR 529 397 883 i bhfeidhm, rud a laghdaíonn luach na fionraí a chomhfhreagraíonn do na céimeanna nár comhlíonadh faoin naoú tráthchuid.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

An 30 Meán Fómhair 2026, thíolaic an Úcráin iarraidh ar íocaíocht cuid den cheathrú, den seachtú, den ochtú agus den naoú tráthchuid de Phlean na hÚcráine, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792 an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]). Chun tacú leis an iarratas ar íocaíocht, thug an Úcráin réasúnú le comhlíonadh sásúil céim amháin sa cheathrú tráthchuid, trí chéim sa seachtú tráthchuid, céim amháin san ochtú tráthchuid agus 17 gcéim sa naoú tráthchuid, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine ([2]), arna leasú ina dhiaidh sin ('Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle'). Sholáthair an Úcráin fianaise freisin le haghaidh céim amháin sa 10ú tráthchuid.

Ar bhonn na faisnéise a chuir an Úcráin ar fáil, meastar go bhfuil 16 chéim den naoú tráthchuid comhlíonta go sásúil.

— Céim 3.10, a bhaineann leis an gcóras TF uasghrádaithe chun cinntí cúirte a fhorfheidhmiú, tá sí oibríochtúil.

— Céim 3.17, a bhaineann le glacadh na Foraithne ón Uachtarán lena bhformheastar an Straitéis um Chosaint Chearta an Duine.

— Céim 4.20, a bhaineann le glacadh an Chláir Stáit chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac suas le 2030.

— Céim 5.3, a bhaineann le glacadh na straitéise chun úinéireacht stáit san earnáil baincéireachta a laghdú de réir a chéile.

— Céim 5.5, a bhaineann le teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí chun feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha.

— Céim 7.7, a bhaineann le glacadh na Straitéise um Fhostaíocht Daonra.

— Céim 7.12, a bhaineann le hinfheistíochtaí EUR 300 milliún ar a laghad san oideachas.

— Céim 7.14, a bhaineann le hinfheistíochtaí EUR 200 milliún ar a laghad i gcúram sláinte.

— Céim 7.18 a bhaineann le hinfheistíochtaí dar luach EUR 200 milliún ar a laghad chun tithíocht a sholáthar d'iarshaighdiúirí cogaidh atá faoi mhíchumas a bhaineann le grúpaí I-II, do bhaill teaghlaigh iarshaighdiúirí nach maireann agus do dhaoine atá easáitithe ina dtír féin

— Céim 7.20 a bhaineann le formheas ó Chomh-Aireacht na nAirí ar an bPlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026–2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030

— Céim 8.12, a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an rún maidir leis an institiúid náisiúnta mhéadreolaíochta aonair a ainmniú.

([1]) Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

— Céim 9.7, maidir le leithdháileadh choibhéis 5 % ar a laghad den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha fhoriomlán chun freastal ar riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe na n-údarás fonáisiúnta.

— Céim 10.19, maidir le hullmhú na dTéarmaí Tagartha le haghaidh tríú páirtí den Choimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais maidir le sláine agus stóinseacht a phróiseas airgeadais agus cinnteoireachta.

— Céim 12.9, a bhaineann le hinfheistíochtaí EUR 30 milliún ar a laghad i ndímhianú talún talmhaíochta.

— Céim 14.4, a bhaineann le teacht i bhfeidhm an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite, i gcomhréir le prionsabail Rialachán (AE) 2024/1183.

— Céim 15.11, a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an Nós Imeachta maidir le Faireachán Uisce Stáit.

Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún nach leor an fhianaise a soláthraíodh le haghaidh dhá cheann de na céimeanna is gá don naoú tráthchuid chun a shuí go bhfuil siad comhlíonta go sásúil (Céim 6.3 a bhaineann le boird mhaoirseachta fiontar faoi úinéireacht stáit a cheapadh le tromlach na gcomhaltaí neamhspleácha agus Céim 10.9 a bhaineann le treochlár a ghlacadh chun margaí gáis agus leictreachais a léirscaoileadh de réir a chéile agus a bheidh le cur chun feidhme tar éis don dlí airm dul in éag).

I gcomhréir leis an modheolaíocht chun comhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine ('an mhodheolaíocht') a láimhseáil, moladh an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme Chéim chainníochtúil 6.3 mar thoisc mhaolaitheach:

— Céim 6.3, a bhaineann le ceapadh bord maoirseachta fiontar faoi úinéireacht stáit le tromlach de chomhaltaí neamhspleácha.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir leis an modheolaíocht, dhearbhaigh an Úcráin gur comhlíonadh an chéim seo a leanas a bhí sceidealaithe don 10ú tráthchuid agus moladh í freisin mar thoisc mhaolaitheach fhéideartha:

— Céim 10.21, a bhaineann leis an iarraidh ar mhisean comhtháite seirbhíse athbhreithnithe rialála ag SNRIU ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.

Thairis sin, léiríonn an fhaisnéis a sholáthair an Úcráin gur comhlíonadh go sásúil céim amháin ón gceathrú tráthchuid, trí chéim ón seachtú tráthchuid agus céim amháin ón ochtú tráthchuid.

— Céim 4.3, a bhaineann le lucht saothair méadaithe le haghaidh na hArd-Chúirte in aghaidh an Éillithe.

— Céim 4.8, a bhaineann le hullmhú agus cur chun feidhme an chéad Mheasúnaithe Riosca Náisiúnta eile.

— Céim 6.7, a bhaineann le teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí (PSO) agus gníomhaíochtaí neamh-PSO a dheighilt.

— Céim 10.3, a bhaineann le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun feabhas a chur ar nósanna imeachta ceadúcháin le haghaidh infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite.

— Céim 15.8, a bhaineann le glacadh na Straitéise chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus a Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme.

Mar chuid de **Chaibidil 3** maidir leis an gcóras breithiúnach, tháinig córas TF uasghrádaithe chun cinntí cúirte a fhorfheidhmiú chun bheith oibríochtúil; agus glacadh an Fhoraithne ón Uachtarán lena bhformheastar an Straitéis um Chosaint Chearta an Duine.

Mar chuid de **Chaibidil 4** maidir leis an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid, méadaíodh lucht saothair na hArd-Chúirte in aghaidh an Éillithe, rinneadh an chéad Mheasúnú Riosca Náisiúnta eile agus glacadh an Clár Stáit chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac suas le 2030.

Mar chuid de **Chaibidil 5** maidir le margaí airgeadais, glacadh an straitéis chun úinéireacht stáit san earnáil baincéireachta a laghdú de réir a chéile; agus tháinig an reachtaíocht i bhfeidhm chun feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha.

Mar chuid de **Chaibidil 6** maidir le sócmhainní poiblí a bhainistiú, tháinig an reachtaíocht maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí neamh-PSO a dheighilt i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 7** maidir le caipiteal daonna, glacadh an Straitéis um Fhostaíocht Daonra, rinneadh infheistíochtaí dar luach EUR 300 milliún ar a laghad san oideachas agus in infheistíochtaí dar luach EUR 200 milliún ar a laghad chun tithíocht a sholáthar d'iarshaighdiúirí faoi mhíchumas de ghrúpaí I-II, do bhaill teaghlaigh iarshaighdiúirí nach maireann agus do dhaoine atá easáitithe ina dtír féin. An tráth céanna, formheasadh an plean oibríochtúil beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse suas le 2030.

Mar chuid de **Chaibidil 8** maidir leis an timpeallacht ghnó, glacadh leasuithe ar an rún maidir le hainmniú na hinstitiúide náisiúnta méadreolaíochta aonair.

Mar chuid de **Chaibidil 9** maidir leis an dílárú agus leis an mbeartas réigiúnach, sroicheadh leithdháileadh choibhéis 5 % ar a laghad den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha fhoriomlán chun freastal ar riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe na n-eintiteas fonáisiúnta.

Mar chuid de **Chaibidil 10** maidir leis an earnáil fuinnimh, tháinig an reachtaíocht maidir leis na nósanna imeachta ceadúcháin le haghaidh infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite a ghiorrú i bhfeidhm; ullmhaíodh na Téarmaí Tagartha le haghaidh iniúchadh tríú páirtí ar an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais maidir le sláine agus stóinseacht a phróiseas airgeadais agus cinnteoireachta agus cuireadh isteach an iarraidh ar mhisean comhtháite seirbhíse athbhreithnithe rialála ag SNRIU ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.

Mar chuid de **Chaibidil 14**, maidir leis an gclaochlú digiteach, glacadh an reachtaíocht maidir le feidhmiú an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1183, agus tháinig sí i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 15** maidir leis an aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil, glacadh an Straitéis chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus a Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme agus an reachtaíocht lena leasaítear an Nós Imeachta maidir le Faireachán ar Uisce Stáit.

Chun measúnú a dhéanamh ar Chéimeanna infheistíochta 7.12, 7.14, 7.18, 9.7 agus 12.9, rinneadh costais a tuairiscíodh in *hryvnia* na hÚcráine (UAH) a thiontú go euro (EUR) trí úsáid a bhaint as meán na rátaí malairte míosúla UAH/EUR le haghaidh na bliana buiséid ábhartha. Maidir le caiteachas a tuairiscíodh in 2026, ríomhadh an meánráta malairte míosúil leis na sonraí is déanaí a bhí ar fáil ó mhí Dheireadh Fómhair 2026.

CÉIM 3.10

Ainm na céime: Tá córas TF nuashonraithe le haghaidh forfheidhmiú cinntí cúirte oibríochtúil

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Athchóirithe dócmhainneachta agus forfheidhmiú cinntí cúirte

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 3.10 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Beidh córas TF uasghrádaithe um fhorfheidhmiú oibríochtúil chun an próiseas forfheidhmithe, rianú sócmhainní féichiúnaithe, reo cuntas bainc, agus aisghabháil fiach a éascú.'

Tá céim 3.10 ar cheann de na cúig chéim faoi Athchóiriú 2 de Chaibidil 3 (an córas breithiúnach agus cearta an duine). Is é an chéim dheireanach in Athchóiriú 2 seachas Céim 3.7 atá dlite faoi R1 2026 atá fós gan comhlíonadh ón ochtú íocaíocht.

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Plean Gníomhaíochta Straitéiseach an Fhiontair Stáit maidir le Córais Náisiúnta Faisnéise le haghaidh 2024-2027;

(3) Tuairisc mhionsonraithe arna soláthar ag an Aireacht Dlí agus Cirt ar na huasghráduithe a tugadh isteach ar an gCóras Uathoibrithe Imeachtaí Forfheidhmithe;

(4) Cóipeanna d'Orduithe Uimh. 9 ón Aireacht Dlí agus Cirt an 19.1.2024, Uimh. 35 an 28.2.2024, Uimh. 77 an 27.5.2024, Uimh. 94 an 28.6.2024, Uimh. 234 an 25.12.2024, Uimh. 177 an 1.9.2025, Uimh. 162 an 12.9.2025 agus Uimh. 132 an 24.6.2026 chuig an bhFiontar Stáit um Chórais Náisiúnta Faisnéise maidir le bogearraí a nuachóiriú;

(5) Litir dar dáta an 10 Meitheamh 2025 ón bhFiontar Stáit um Chórais Náisiúnta Faisnéise chuig an Aireacht Dlí agus Cirt maidir le cur chun feidhme na n-uasghráduithe ar an gCóras Uathoibrithe Imeachtaí Forfheidhmithe;

(6) Cóipeanna de mhiontuairiscí chruinnithe Choiste Teicneolaíochta an Fhiontair Stáit um Chórais Náisiúnta Faisnéise.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 3.10.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 feabhas a chur ar nósanna imeachta um dhócmhainneacht agus um fhorfheidhmiú tríd an reachtaíocht ábhartha a ailíniú le *acquis* an Aontais agus trí acmhainneachtaí institiúideacha agus acmhainneachtaí eile a fhothú chun í a chur i bhfeidhm i gceart. Chuige sin, tá uasghrádú déanta ag an Úcráin ar roinnt feidhmiúlachtaí den Chóras Uathoibrithe Imeachtaí Forfheidhmithe (ASEP).

Chun an próiseas forfheidhmiúcháin a éascú, seoladh an rogha doiciméid a bhaineann le himeachtaí forfheidhmithe a sheoladh trí ASEP chuig páirtithe atá cláraithe sa Chóras Faisnéise agus Cumarsáide Breithiúnach Aontaithe (UJICS) an 15 Bealtaine 2024. Tar éis an uasghrádaithe sin, gheobhaidh daoine aonair agus eintitis dhlíthiúla a bhfuil ríomhchaibinéid acu in UJICS doiciméid maidir le himeachtaí forfheidhmithe (foraitheanta, gníomhartha, etc.) go díreach ina ríomh-chaibinéad. Tá teimpléid nuashonraithe doiciméad in ASEP le haghaidh roinnt gnáthchaingne nós imeachta, amhail tuarascálacha ar bharántais chuardaigh a seoladh chuig na Póilíní Náisiúnta. Thairis sin, cuireadh sraith feabhsuithe chun feidhme in 2025 arb é is aidhm dóibh coimeád taifead a dhigiteáil do bháillí poiblí agus príobháideacha.

Cuireann na huasghráduithe feabhas freisin ar rianú sócmhainní trí fhaisnéis faoi shócmhainní féichiúnaithe a thaispeáint agus a stóráil. An 8 Eanáir 2024, rinneadh athbhreithniú ar an gcóras chun obair na n-oifigeach forfheidhmithe le sócmhainní féichiúnaithe a éascú. Tar éis na n-uasghráduithe, déantar an fhaisnéis uile a fhaightear le linn imeachtaí forfheidhmithe a stóráil go lárnach. Cuireann an córas uasghrádaithe feabhas ar chumas na n-oifigeach forfheidhmithe faisnéis faoi mhaoin féichiúnaí, amhail gluaisteáin nó árasáin, a rianú. Le malartú faisnéise le hAireacht Beartais Shóisialta, Teaghlaigh agus Aontachta na hÚcráine a tugadh isteach in 2025, méadófar inrochtaineacht na faisnéise faoi dhaoine nádúrtha. Thairis sin, rinneadh uasghrádú ar ASEP chun taispeáint láraithe sonraí maidir le cuntais bhainc na bhféichiúnaithe a áireamh, rud a thugann rochtain níos tapúla agus níos éasca ar an bhfaisnéis faoi chuntais na bhféichiúnaithe do sheiceadóirí.

Chun calcadh cuntas bainc a éascú, tá 30 soláthraí seirbhísí íocaíochta san iomlán tagtha isteach sa chóras ó 2024 ar aghaidh, rud a fhágann gur féidir faisnéis a mhalartú go huathoibríoch sa nós imeachta chun cistí a urghabháil, rud a chuireann le haisghabháil fiach.

Chun aisghabháil fiach a éascú, ceadaíonn ASEP freisin doiciméid feidhmiúcháin a sheoladh i bhformáid leictreonach. Leathnaíodh seoladh uathoibrithe cinntí maidir le fíneálacha riaracháin agus ábhair bhreise i bhfoirm doiciméid leictreonacha chuig gníomhaithe nua in 2024, go háirithe chuig Comhairle Cathrach Chív agus Comhairle Cathrach Lutsk. Ó 2026 ar aghaidh, ceadaítear leis an gcóras orduithe chun ioncam féichiúnaí a aisghabháil a sheachadadh chuig fostóir nó fostóirí an fhéichiúnaí, rud a mhéadaíonn éifeachtacht na haisghabhála fiach.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 3.17

Ainm na céime: Glacadh na Foraithne ón Uachtarán lena bhformheastar an Straitéis um Chosaint Chearta an Duine
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 5. Feabhas a chur ar chosaint na gceart bunúsach
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 3.17 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Glacadh na Foraithne ón Uachtarán lena bhformheastar an Straitéis um Chosaint Chearta an Duine. Leis an straitéis dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* — *cearta an duine i gcomhthéacs chóras an dlí airm agus théarnamh iarchogaidh na hÚcráine* — *cearta daoine a bhfuil cónaí orthu i gcríoch na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach ag Cónaidhm na Rúise, cearta daoine a bhfuil cónaí orthu gar do línte tosaigh agus cearta daoine atá easáitithe ina dtír féin* — *cosaint dhlíthiúil do dhaoine atá thíos le foréigean inscnebhunaithe* — *cearta leanaí i gcoinbhleachtaí armtha* — *rochtain ar sheirbhísí do dhaoine leochaileacha.'* Is í Céim 3.17 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 i gCaibidil 3 (an córas breithiúnach agus cearta an duine).
An fhianaise a soláthraíodh (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; (2) Cóip d'Fhoraithne Uimh. 1038/2026 ó Uachtarán na hÚcráine 'Saincheisteanna na Straitéise Náisiúnta um Chearta an Duine' an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 3.17.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 5 feabhas a chur ar chosaint chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine a bhfuil cónaí orthu i gcríoch na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach ag Cónaidhm na Rúise, agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú do dhaoine leochaileacha. Chuige sin, glacadh an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine le haghaidh na tréimhse suas le 2035 le Foraithne Uimh. 1038/2026 ó Uachtarán na hÚcráine 'Saincheisteanna na Straitéise Náisiúnta um Chearta an Duine' an 12 Deireadh Fómhair 2026.

De réir na bhForálacha Ginearálta, is doiciméad beartais fadtéarmach í an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine ('an Straitéis') maidir le cearta an duine lena leagtar amach na cuspóirí straitéiseacha, na tosaíochtaí agus na prionsabail chun cearta agus saoirsí an duine a áirithiú agus a chosaint san Úcráin suas le 2035. Tá sé beartaithe leis an Straitéis na gealltanais atá tugtha ag an Úcráin cheana i gcomhthéacs an lánpháirtithe Eorpaigh a chomhlánú. Tacófar lena cur chun feidhme le pleananna gníomhaíochta atá le forbairt gach 3 bliana.

Cuirtear san áireamh leis an Straitéis na dúshláin shonracha a bhaineann le cosaint chearta an duine a eascraíonn as an dlí airm, amhail srianta ar rochtain ar dhoiciméid agus ar shaoirse comhthionóil shíochánta. Aithnítear léi dúshláin atá ábhartha maidir le téarnamh iarchogaidh na hÚcráine go háirithe, amhail infhaighteacht sainchlár athshlánaithe leighis, síceolaíoch agus sóisialta le haghaidh iarshaighdiúirí cogaidh agus ath-lánpháirtiú agus filleadh daoine atá easáitithe ina dtír féin agus seirbhísí dóibh. Áirítear léi cuspóir chun feabhas a chur ar an reachtaíocht toghcháin agus feidhmiú na gceart toghchánach a áirithiú le linn na tréimhse iarchogaidh.

Tugtar aird ar leith ar chearta daoine a bhfuil cónaí orthu i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach ag Cónaidhm na Rúise, i limistéir gar don túslíne agus ar chearta daoine atá easáitithe ina dtír féin. Leagtar amach leis an Straitéis an cuspóir beartas stáit a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le críoch na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach a dhíscaoileadh agus a ath-lánpháirtiú, chomh maith le sásraí chun cearta agus saoirsí daoine sna limistéir atá faoi fhorghabháil shealadach a athbhunú. Áirítear léi freisin gealltanas chun sáruithe ar chearta an duine a dhoiciméadú i gcríoch na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach chun críoch ceartais idirnáisiúnta agus cuntasachta, agus chun cearta íospartach a chosaint.

Aithnítear leis an Straitéis an gá atá le cosaint dhlíthiúil do dhaoine a d'fhulaing foréigean inscnebhunaithe. Áirítear léi an cuspóir reachtaíocht na hÚcráine a ailíniú le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus le gníomhartha dlí an Aontais i réimse chosc an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Gealltar léi freisin inrochtaineacht an chúnaimh a áirithiú do dhaoine a d'fhulaing foréigean teaghlaigh agus/nó foréigean inscnebhunaithe nó foréigean gnéasach a bhaineann le fogha armtha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, go háirithe trí fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais náisiúnta tacaíochta le haghaidh marthanóirí i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha.

Dírítear go háirithe ar chearta leanaí i gcoinbhleachtaí armtha, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil a áirithiú maidir le leanaí a easáitíodh (a aslonnaíodh) go sealadach lasmuigh den Úcráin mar thoradh ar fhogha armtha Chónaidhm na Rúise a fhilleadh ar an Úcráin agus maidir lena n-ath-lánpháirtiú. Leagtar amach léi cuspóir chun a áirithiú go ndéanfar doiciméadú córasach ar sháruithe ar chearta an linbh le linn a n-ionnarbtha agus a n-easáitithe éigeantaigh, chomh maith le fíorais ionnarbtha agus easáitithe éigeantaigh mar thoradh ar fhogha armtha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin.

Is é is aidhm don Straitéis feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí do dhaoine leochaileacha, amhail leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas. Leagtar amach léi cuspóirí coincréiteacha chun feabhas a chur ar rochtain na ngrúpaí sin ar sheirbhísí leighis, ar thithíocht agus ar chúnamh dlíthiúil, chomh maith le seirbhísí oideachais agus cultúrtha.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 4.3

Ainm na céime: Lucht saothair méadaithe le haghaidh na hArdchúirte in aghaidh an Éillithe
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Acmhainneacht institiúideach an chreata in aghaidh an éillithe a fhorbairt
Arna maoiniú ó: tacaíocht neamh-inaisíoctha
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 4.3 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Tiocfaidh méadú 60 % ar líon pearsanra bhreithiúna na hArd-Chúirte in aghaidh an Éillithe (HACC), agus tiocfaidh méadú 40 % ar líon na ngaireas HACC.'* Is é Céim 4.3 an tríú céim de na trí chéim faoi Athchóiriú 1 de Chaibidil 4 (an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid). Roimhe sin bhí Céim 4.2 ann maidir le ceann nua a cheapadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc agus Céim 4.1 maidir le lucht saothair Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh an Éillithe a mhéadú.
An fhianaise a soláthraíodh (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; (2) Cóip den Chinneadh ó Ard-Chomhairle na mBreithiúna Uimh. 930/0/15-23 an 26 Meán Fómhair 2023 maidir leis an líon breithiúna san Ard-Chúirt in aghaidh an Éillithe a chinneadh; (3) Cóip de liosta na mbreithiúna a ceapadh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh an Éillithe; (4) Cóip de liosta an phearsanra a roghnaíodh le haghaidh na hArd-Chúirte in aghaidh an Éillithe; (5) Cóip de Dhlí na hÚcráine 'maidir le Buiséad an Stáit le haghaidh 2025' agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis; (6) Cóip de Dhlí na hÚcráine 'maidir le Buiséad an Stáit le haghaidh 2026' agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis; (7) Cóip de dhréacht-iarscríbhinní Dhlí na hÚcráine 'maidir le Buiséad an Stáit le haghaidh 2027'.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 4.3.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 1 de Chaibidil 4 (an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid) acmhainneacht fhoriomlán an bhonneagair in aghaidh an éillithe a mhéadú chun an t-éilliú a chomhrac, lena n-áirítear éilliú ar ardleibhéal, trí imscrúdú gníomhach éifeachtúil. Is é is aidhm don chéim cuidiú le hoibríochtú na hArd-Chúirte in aghaidh an Éillithe (HACC) tríd an líon breithiúna a mhéadú faoi 60 % agus an líon foirne a mhéadú faoi 40 %. Ba é 38 mbreitheamh agus 270 pearsanra cúnta an bhonnlíne a úsáideadh chun an méadú ainmniúil a ríomh, rud a d'fhág go raibh 22 bhreitheamh agus 108 mball den fhoireann chúnta sa bhreis ann.

Is iad an Ard-Chomhairle Ceartais (HCJ) agus Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna (HQCJ) na comhlachtaí féinrialaitheacha breithiúnacha chun breithiúna a roghnú, lena n-áirítear le haghaidh HACC. Faigheann HQCJ tacaíocht ó fhochomhlacht sealadach, a dtugtar Comhairle Phoiblí na Saineolaithe Idirnáisiúnta (PCIE) air, ina bhfuil saineolaithe dlí idirnáisiúnta a chuidíonn le HQCJ measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann iarrthóirí ceanglais ionracais agus inniúlachta nó nach gcomhlíonann. Fógraíonn HQCJ comórtais agus eagraíonn sé iad agus cinneann sé, le tacaíocht PCIE, na hiarrthóirí a n-éireoidh leo sna comórtais sin. Déanann HCJ athbhreithniú ar mholtaí HQCJ agus cuireann sí na hiarrthóirí faoi bhráid an Uachtaráin lena gceapadh ar bhonn na moltaí sin. Ceapann an tUachtarán go foirmiúil na breithiúna a thíolacann HCJ. I gcomhréir leis an mbunreacht, ceapann an tUachtarán breithiúna HACC ar thíolacadh HCJ.

An 26 Meán Fómhair 2023, ghlac HCJ Cinneadh Uimh. 930/0/15-23, lena leagtar amach gur cheart HACC a bheith comhdhéanta de 63 bhreitheamh, ar breithiúna den Dlí-Sheomra Achomhairc iad 21 díobh (cúirt an dara céim). Bhí údar leis an méadú ar an líon breithiúna mar thoradh ar an ngá atá le líon agus castacht níos airde na n-imeachtaí coiriúla in HACC a láimhseáil.

Chuige sin, an 23 Samhain 2023, d'fhógair HQCJ comórtas le haghaidh 25 fholúntas do bhreithiúna HACC: 15 fholúntas don chúirt chéadchéime agus 10 bhfolúntas do chúirt an dara céim. An 31 Márta 2025, áfach, d'fhógair HQCJ nár éirigh ach le beirt iarrthóirí ag gach céim den roghnú iomaíoch agus mhol sé a gceapachán. An 20 Bealtaine 2025, mhol HCJ an bheirt bhreithiúna sin don Uachtarán lena gceapadh. An 3 Bealtaine 2025, cheap an tUachtarán an bheirt iarrthóirí sin go hoifigiúil mar bhreithiúna de HACC.

Chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais foirne atá fágtha, d'fhógair HQCJ comórtas an 3 Meitheamh 2025 le haghaidh 13 fholúntas don chúirt chéadchéime agus 10 bhfolúntas do chúirt an dara céim. An tráth céanna, rinne an Úcráin bearta chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat roghnúcháin bhreithiúnaigh (a shonraítear thíos).

Ós rud é nár tháinig an líon breithiúna nua is gá as an nós imeachta roghnúcháin, rinneadh measúnú diúltach ar Chéim 4.3 mar chuid den cheathrú hiarratas ar íocaíocht an 30 Meitheamh 2025. An 2 Iúil 2025, thug an Coimisiún fógra don Úcráin faoina chinneadh, á rá go raibh 12 mhí ag an Úcráin ón uair a tugadh fógra faoin measúnú diúltach tosaigh chun na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaí go sásúil an chéim atá fós gan comhlíonadh. An 17 Iúil 2026, tar éis an tréimhse 12 mhí sin dul in éag an 2 Iúil 2026, d'iarr an Coimisiún ar an Úcráin a barúlacha a chur isteach laistigh de 2 mhí.

Tar éis an chomórtais, a fógraíodh an 3 Meitheamh 2025, an 22 Meitheamh 2026, roimh dheireadh na tréimhse 12 mhí, mhol HQCJ 17 mbreitheamh san iomlán lena gceapadh. Idir an 2 Iúil agus an 13 Lúnasa 2026, mhol HCJ na 17 mbreitheamh sin don Uachtarán lena gceapadh. An 21 Lúnasa 2026, cheap an tUachtarán na 17 mbreitheamh, lena n-áirítear 12 iarrthóir mar bhreithiúna de HACC agus cúigear iarrthóirí mar bhreithiúna de dhlí-sheomra achomhairc HACC. Ina theannta sin, idir an 7 Aibreán 2025 agus an 1 Iúil 2026, mhéadaigh HACC an líon foirne riaracháin faoi 56 phost roimh dheireadh na tréimhse 12 mhí agus faoi 56 phost eile idir an 7 Iúil 2026 agus an 10 Meán Fómhair 2026. Léirigh sé sin go raibh earcú foirne riaracháin ag brath ar cheapadh na mbreithiúna, ós rud é go raibh sé beartaithe leis an gcéad cheann acu tacú leis an dara ceann.

Ar an iomlán, mhéadaigh údaráis na hÚcráine an líon breithiúna faoi 19 i gcomparáid leis an sprioc 22 agus an líon foirne riaracháin faoi 112, a bhfuil 108 bpost ag teastáil ina leith chun an chéim a chomhlíonadh. Is méadú iomlán 131 phost é sin i gcomparáid leis an sprioc 130 post a bheith ann. Ina theannta sin, is é is cúis leis an easnamh i gceapacháin bhreithiúnacha i gcomparáid leis an sprioc an líon teoranta iarrthóirí a chomhlíonann na caighdeáin is gá, lena n-áirítear inniúlacht dhlíthiúil ghinearálta, speisialtóireacht in aghaidh an éillithe agus cumais chognaíocha.

Le Dlí na hÚcráine maidir le Buiséad an Stáit le haghaidh 2025 agus Dlí na hÚcráine maidir le Buiséad an Stáit le haghaidh 2026, leithdháileadh cistiú chun tacú le méadú ar an líon breithiúna agus pearsanra in HACC. Léiríonn an tacaíocht bhuiséadach sin gur aithin na húdaráis gur gá acmhainn institiúideach agus oibríochtúil HACC a neartú. Ar an gcaoi chéanna, leis na dréacht-iarscríbhinní a ghabhann le Dlí na hÚcráine maidir le Buiséad an Stáit le haghaidh 2027, meastar go ndeimhneofar leithdháileadh an chistithe bhreise le haghaidh an mhéadaithe ar an líon breithiúna agus foirne in HACC.

Rinne údaráis fhreagracha na hÚcráine, lena n-áirítear HQCJ, HCJ, Uachtarán na hÚcráine agus HACC, na bearta ba ghá chun a áirithiú go gcomhlíonfaí an chéim sin d'ainneoin imthosca oibiachtúla ba chúis le moilleanna. Is féidir na hiarrachtaí sin a chur san áireamh sa mheasúnú ar an gcéim sin agus go háirithe chun údar a thabhairt leis an neamhréireacht idir an líon breithiúna a cheaptar agus an sprioc bhonnlíne. Go sonrach, tar éis an ráta ard teipe a tugadh faoi deara i gcomórtas 2023, sheol HQCJ comórtas nua go gairid ina dhiaidh sin chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais foirne a bhí ann fós. Ina theannta sin, an 14 Bealtaine 2025, ghlac Verkhovna Rada (Parlaimint na hÚcráine) Dlí na hÚcráine 'Maidir le leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "maidir leis na breithiúna agus stádas na mbreithiúna" chun soiléiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta iomaíochta do phost breithimh agus breitheamh a thabhairt ar iasacht' d'fhonn feabhas a chur ar nósanna imeachta áirithe lena rialaítear roghnú iomaíoch na mbreithiúna. Leis na hathruithe a rinneadh leis na leasuithe sin, tugadh aghaidh go díreach ar chuid d'easnaimh an chomórtais roimhe seo agus cuirfear feabhas leo ar chomórtais amach anseo taobh amuigh de cheanglais na céime seo.

Áirítear leis na hathruithe go háirithe aghaidh a thabhairt ar thairseacha ródhocht le haghaidh cuid de na tástálacha luatha sa nós imeachta, rian aontaithe iarratais le haghaidh na cúirte céadchéime agus le haghaidh an Dlí-Sheomra Achomhairc araon chun dúbláil a laghdú agus chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas chun an t-am is gá chun an comórtas a chur i gcrích a laghdú. San am céanna, coinníodh ardchaighdeáin ghairmiúla agus eiticiúla ar bun. Rinne HACC féin iarrachtaí inchomparáide freisin, trí roinnt ball foirne riaracháin a roghnú, a sháraigh an sprioc a bunaíodh faoin gcéim seo.

Rinne údaráis na hÚcráine na bearta ba ghá freisin, laistigh den tréimhse 12 mhí dar críoch an 2 Iúil 2026, chun a áirithiú go gcomhlíonfaí an chéim. Go sonrach, roimh dhul in éag na tréimhse sin, bhí an comórtas curtha i gcrích ag HQCJ agus, an 22 Meitheamh 2026, mhol sé 17 mbreitheamh lena gceapadh, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíon na hiarrthóirí na ceanglais ionracais agus inniúlachta nó nár chomhlíon. Bhí an líon foirne riaracháin méadaithe faoi 56 phost ag HACC faoin 1 Iúil 2026. Ba iad na bearta sin na gníomhaíochtaí fíor-riachtanacha a bhí ag teastáil ó údaráis na hÚcráine chun an méadú ar líon breithiúna agus foirne HACC a chur chun cinn. Na cinntí a rinne HCJ ina dhiaidh sin, na ceapacháin uachtaránachta agus an méadú breise ar an bhfoireann riaracháin tar éis an 2 Iúil 2026, lean siad go díreach ó na bearta a rinneadh laistigh den tréimhse ábhartha agus dhearbhaigh siad a dtorthaí coincréiteacha.

Ar deireadh, i gcomhréir le haithrisí 10 agus 13 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine agus aithris 35 de Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, baineann torthaí dearfacha chur chun feidhme na céime seo le níos mó ná breithiúna agus foireann riaracháin HACC a roghnú. Go deimhin, rannchuidíonn cur chun feidhme na céime sin go mór leis an smacht reachta san Úcráin a neartú agus, go sonrach, le feabhas a chur ar an acmhainneacht institiúideach agus ar an gcreat dlíthiúil don chomhrac in aghaidh an éillithe trína áirithiú go mbeidh ceann dá phríomhinstitiúidí, an Ard-Chúirt in aghaidh an Éillithe, in ann feidhmiú le leibhéal iomchuí foirne agus go ndéanfar comórtais earcaíochta amach anseo a chuíchóiriú.

Ar bhonn na fianaise a sholáthair an Úcráin le linn na tréimhse breathnóireachta, chomh maith leis na breithnithe a leagtar amach thuas maidir leis na bearta a rinne údaráis na hÚcráine, na himthosca oibiachtúla ar eascair moill ar chomhlíonadh na céime sin astu agus an neamhréireacht idir an líon breithiúna a ceapadh agus an sprioc bhonnlíne, agus cuspóirí na Saoráide don Úcráin maidir leis an smacht reachta, suíonn an Coimisiún, dá bhrí sin, gur áirithíodh leis na bearta a rinne údaráis na hÚcráine comhlíonadh sásúil na céime.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 4.8

Ainm na céime: An chéad Mheasúnú Náisiúnta Riosca eile a dhéanamh

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Bearta chun an sciúradh airgid a chomhrac

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 4.8 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'An chéad Mheasúnú Riosca Náisiúnta eile a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Modheolaíocht nuashonraithe le haghaidh an Mheasúnaithe Náisiúnta ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta san Úcráin'

Is í Céim 4.8 an chéad cheann de na seacht gcéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 de Chaibidil 4 (an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid). Ina dhiaidh sin tá Céim 4.9 ann maidir le teacht i bhfeidhm 6 mhí tar éis fhoilsiú na reachtaíochta san Iris Oifigiúil chun an córas in aghaidh an sciúrtha airgid a threisiú a thuilleadh, lena n-áirítear chun críche iarratas na hÚcráine ar dhul isteach i raon feidhme geografach scéim an Limistéir Aonair d'Íocaíochtaí Eorpacha, Céim 4.16 maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha ar fhaisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe; agus Céim 4.18 maidir le teacht i bhfeidhm leasuithe arb é is aidhm dóibh dliteanas coiriúil a shuí i leith gníomhaíochtaí neamhdhleathacha le cártaí íocaíochta nó ionstraimí íocaíochta eile ar mhaithe le tríú páirtithe (gach céim dlite faoi R3 2026).

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Mhiontuairiscí na Comhairle um Fháltais ó Choireacht, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leathadh Arm Ollscriosta a Chosc agus a Chomhrac (Sciúradh) Uimh. 2 an 31 Lúnasa 2026 maidir le 'Tuarascáil Náisiúnta 2025 um Measúnú Riosca maidir le Sciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leathadh Arm Ollscriosta san Úcráin';

(3) Cóip den 'Tuarascáil Náisiúnta 2025 um Measúnú Riosca maidir le Sciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leathadh Arm Ollscriosta san Úcráin' dar dáta an 31 Lúnasa 2026;

(4) Cóip den 'Modheolaíocht chun an Tuarascáil Náisiúnta um Measúnú Riosca a dhéanamh maidir le Sciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leathadh Arm Ollscriosta san Úcráin' dar dáta an 26 Nollaig 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 4.8.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 de Chaibidil 4 (an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid) creat dlíthiúil na hÚcráine a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin FATF agus córas éifeachtach in aghaidh an sciúrtha airgid a chruthú san Úcráin chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr leis an gcoireacht eacnamaíoch agus chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó fhoriomlán san Úcráin. Chuige sin, d'fhormheas an Chomhairle um Fháltais ó Choireacht, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leathadh Arm Ollscriosta a Chosc agus a Chomhrac (Sciúradh) Tuarascáil Náisiúnta 2025 um Measúnú Riosca maidir le Sciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leathadh Arm Ollscriosta san Úcráin (dá ngairtear 'Tuarascáil 2025 NRA' ina dhiaidh seo) an 31 Lúnasa 2026.

Tiomsaíodh Tuarascáil 2025 NRA ar bhonn na Modheolaíochta chun Measúnú Riosca Náisiúnta a dhéanamh ar sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus maoiniú leathadh arm ollscriosta san Úcráin (a tugadh cothrom le dáta in 2024).

Leagtar amach leis an doiciméad sainaithint chuimsitheach struchtúrtha rioscaí ar fud na n-earnálacha agus na réimsí bagartha ábhartha, agus sainaithníodh 30 riosca san iomlán. Léiríonn dáileadh na rioscaí sin faoi leibhéal 7 ard, 21 meánach agus 2 íseal go ndearnadh an cleachtadh ar bhonn modheolaíocht dhifreáilte rioscabhunaithe. Tugtar le fios leis an miondealú sin go bhfuil leibhéal leormhaith gráinneachta ann chun idirdhealú a dhéanamh idir na bagairtí is mó agus na bagairtí sin a bhfuil an chuma orthu, cé go bhfuil siad fós ábhartha, go bhfuil siad níos inláimhsithe, rud a sholáthraíonn bonn inchreidte maidir le tosaíocht a thabhairt agus maidir le bearta maolaithe spriocdhírithe a dhearadh.

D'ainneoin roinnt easnamh modheolaíochta i dtéarmaí bailiú agus léirmhíniú sonraí, chomh maith leis an leibhéal ilchineálach doimhneachta anailísí ar fud na dtosca riosca, tugtar le fios i dTuarascáil 2025 NRA gur cleachtadh atá láidir ó thaobh na modheolaíochta é an measúnú atá in ann tacú le bearta leantacha éifeachtacha beartais agus maoirseachta agus oibríochtúla. Nuair a dhéantar rioscaí a shainaithint agus a ghrádú, soláthraítear bonn chun tosaíochtaí a leagan síos, acmhainní a leithdháileadh agus bearta coisctheacha a neartú sna réimsí is mó imní, agus aird leanúnach á háirithiú san am céanna ar rioscaí meánleibhéil agus ar rioscaí ar leibhéal níos ísle. I dteannta a chéile, léiríonn an measúnú tuiscint dhea-fhorbartha ar an timpeallacht riosca agus soláthraíonn sé bonn láidir do ghníomhaíocht chomhréireach, spriocdhírithe agus fhianaisebhunaithe.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 4.20

Ainm na céime: Glacadh an chláir stáit chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac go dtí 2030

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 4. Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 4.20 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'An Clár Stáit um Gháinneáil ar Dhaoine a Chomhrac go dtí 2030 a fhorbairt agus a fhormheas i gcomhréir le prionsabail Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011, arna leasú le Treoir 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024, Straitéis an Aontais um gháinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus na moltaí ó Ghrúpa Saineolaithe Chomhairle na hEorpa um Ghníomhaíocht in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine.'

Is í Céim 4.20 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 4 de Chaibidil 4 (an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid).

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip d'fhoilsiú an chláir in Iris Oifigiúil Uimh. 199 an 23 Meán Fómhair 2026;

(3) Cóip d'Ordú Uimh. 875-r ó Chomh-Aireacht na nAirí an 3 Meán Fómhair 2026 'maidir le Formheas Chlár Sóisialta Sprioc an Stáit chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac le haghaidh na tréimhse suas le 2030';

(4) Cóip de 'Clár Sóisialta Sprioc an Stáit chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac le haghaidh na tréimhse suas le 2030' mar cheangaltán le hOrdú 875-r an 3 Meán Fómhair 2026.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 4.20.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 4 de Chaibidil 4 (an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid) an cur chuige straitéiseach a áirithiú maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac, suíomhanna eagraíochtúla a fheabhsú agus acmhainneacht na hÚcráine sa réimse sin a neartú i gcomhréir le prionsabail an Aontais. Chuige sin, ghlac Comh-Aireacht na nAirí Ordú Uimh. 875-r an 3 Meán Fómhair 2026 *'maidir le Formheas Chlár Sóisialta Sprioc an Stáit chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac le haghaidh na tréimhse suas le 2030'* (dá ngairtear 'an clár' ina dhiaidh seo). Tá an clár i gceangal le hOrdú ceadaithe Uimh. 875-r.

Bunaítear leis an gclár creat beartais cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine san Úcráin le haghaidh na tréimhse suas le 2030. Cumhdaítear leis na príomhréimsí gníomhaíochta, lena n-áirítear cosc, cosaint agus cúnamh d'íospartaigh, déantóirí na coire a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus comhordú idirinstitiúideach, laistigh de chreat straitéiseach aonair comhleanúnach. Tá an cur chuige ailínithe den chuid is mó leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus le *acquis* an Aontais, mar a cheanglaítear leis an tuairisc ar an gcéim.

Tugtar aird ar leith leis an gclár ar dhaoine i staideanna leochaileachta, lena n-áirítear leanaí, daoine atá easáitithe ina dtír féin, dídeanaithe, daoine faoi mhíchumas agus daoine a ndéanann iarmhairtí fhogha armtha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin difear dóibh. Tagraíonn sé do thacaíocht thrámathreoraithe, neamh-idirdhealú, rochtain ar chúnamh agus íospairt thánaisteach a chosc, rud a léiríonn cur chuige atá bunaithe ar chearta agus atá dírithe ar íospartaigh.

Tá roinnt comhpháirteanna oibríochtúla sa chlár freisin. Leagtar amach leis cúraimí, táscairí, amlínte cur chun feidhme le haghaidh na tréimhse 2026-2030, údaráis fhreagracha agus na torthaí a bhfuil coinne leo, lena n-áirítear bearta a bhaineann le múscailt feasachta poiblí, sainaithint agus cúnamh íospartach, imscrúduithe agus fothú acmhainneachta institiúidí. Tagraítear leis freisin d'úsáid uirlisí digiteacha, oiliúint ghairmiúil, comhar trasteorann agus comhfhogasú reachtach.

Ar an iomlán, cuireann an clár bonn struchtúrtha ar fáil do ghníomhaíocht beartais i réimse na gáinneála ar dhaoine agus léirítear leis rún na n-údarás aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist trí chur chuige comhordaithe agus cuimsitheach le linn na tréimhse a chumhdaítear.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 5.3

Ainm na céime: Glacadh na straitéise um úinéireacht stáit san earnáil baincéireachta a laghdú de réir a chéile
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Glacadh na straitéise um úinéireacht stáit san earnáil baincéireachta a laghdú de réir a chéile
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 5.3 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Glacadh rún an Rialtais nó gníomh dlíthiúil eile de chuid an Rialtais chun an straitéis um athchóiriú le haghaidh bainc faoi úinéireacht an stáit a ghlacadh, ar straitéis í ina leagfar amach laghdú de réir a chéile ar úinéireacht an stáit san earnáil baincéireachta. Leis an straitéis dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* — *sláinte agus cobhsaíocht airgeadais;* — *iasachtaí neamhthuillmheacha a bhainistiú;* — *rioscaí fioscacha a mhaolú;* — *rialachas na mbanc agus éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú;* — *feabhsú ar luach bainc, inmharthanacht fhadtéarmach, agus céimeanna i dtreo príobháidiú (i gcás inarb ábhartha).'* Tá Céim 5.3 ar cheann den dá chéim d'Athchóiriú 2 i gCaibidil 5 (margaí airgeadais). Roimhe sin bhí Céim 5.2 ann maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta nuashonraithe maidir le bainc faoi úinéireacht stáit a dhíol.
An fhianaise a soláthraíodh (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; (2) Cóip de phríomhréimsí (straitéiseacha) gníomhaíochtaí na mbanc san earnáil phoiblí; (3) Cóip d'Ordú ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 30 Meitheamh 2026, 'maidir le formheas phríomhghníomhaíochtaí (straitéiseacha) na mbanc san earnáil phoiblí'; (4) Cóip d'fhoilsiú na straitéise in Iris Oifigiúil Uimh. 147 an 15 Iúil 2026.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 5.3.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 na prionsabail a leagan síos maidir le bainc atá faoi úinéireacht stáit a dhíol agus maidir leis an straitéis um úinéireacht an stáit san earnáil baincéireachta a laghdú de réir a chéile.

Dírítear leis an straitéis ar bhrabúsacht na mbanc a mhéadú, sócmhainní neamhthuillmheacha a bhainistiú, rioscaí fioscacha a íoslaghdú, rialachas corparáideach a fheabhsú agus sciar an stáit san earnáil baincéireachta a laghdú de réir a chéile. Áirítear leis na cuspóirí straitéiseacha tacaíocht na mbanc faoi úinéireacht stáit a áirithiú d'earnálacha tosaíochta an gheilleagair amhail bonneagar criticiúil, an tionscal cosanta, athléimneacht fuinnimh agus forbairt na réigiún túslíne, chomh maith le rannpháirtíocht i gcláir stáit mar chuid de shamhlacha gnó na mbanc. Tá sé beartaithe gur cheart do bhainc faoi úinéireacht stáit a straitéisí féin a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta faoi dheireadh 2026, chomh maith le feidhmiú cuí na mbord maoirseachta a áirithiú agus measúnuithe bliantúla a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí. Tugtar aird ar leith ar leibhéal na sócmhainní neamhthuillmheacha a laghdú go leibhéal nach mó ná 15 %, lena n-áirítear trí shócmhainní neamhlárnacha a dhíol agus trí oibriú leis na hiasachtaí neamhthuillmheacha is mó. Déantar foráil leis an straitéis freisin maidir le sciar an stáit a laghdú de réir a chéile trí scairshealbha i mbainc áirithe a dhíol le hinfheisteoirí straitéiseacha, agus dlí airm agus dálaí margaidh á gcur san áireamh.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 5.5

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí chun feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha

Arna maoiniú ó: tacaíocht neamh-inaisíoctha

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 5.5 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlíthiúla lena gcuirfear chun feidhme moltaí na straitéise um iasachtaí neamhthuillmheacha a réiteach trína gcuirfear feabhas ar an gcóras réitithe iasachtaí neamhthuillmheacha. Tá sé d'aidhm ag na gníomhartha dlí sin go háirithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

— *feabhas a chur ar an sainmhíniú ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus ceanglais maidir le hathstruchtúrú coisctheach a chur chun feidhme, i gcomhréir le prionsabail acquis an Aontais;*

— *an ceanglas atá ar bhainc pleananna agus straitéisí a thabhairt cothrom le dáta agus a thíolacadh chun déileáil le hiasachtaí neamhthuillmheacha a athbhunú;*

— *feabhas a chur ar an nós imeachta chun iontaobhaí féimheachta a roghnú agus maoirseacht a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí agus chun ceantanna a stiúradh chun maoin an fhéimhigh a dhíol;*

— *feabhas a chur ar an nós imeachta féimheachta agus ar an rochtain ar nósanna imeachta féimheachta agus athstruchtúraithe do dhaoine aonair, do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga;*

— *coimircí a thabhairt isteach i gCód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta chun gníomhaíochtaí calaoiseacha rannpháirtithe a chosc agus chun tionchar pháirtithe gaolmhara an fhéichiúnaí ar imeachtaí féimheachta a theorannú;*

— *feabhas a chur ar an reachtaíocht maidir le bailiú fiach agus cóireáil fiachais*

— *coinníollacha rialála a thabhairt isteach san Úcráin lena dtabharfar tús áite d'fhorbairt agus d'oibriú mhargadh na n-iasachtaí neamhthuillmheacha, agus lena meallfar infheistíocht choigríche chuig an margadh sin.'*

Tá Céim 5.5 ar cheann den dá chéim d'Athchóiriú 3 i gCaibidil 5 (margaí airgeadais).

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4833-IX an 7 Aibreán 2026 maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Feabhas a chur ar an Nós Imeachta i ndáil le Cinntí Cúirte a Fhorfheidhmiú, Cinntí ó Chomhlachtaí Eile agus Digiteáil Céimeanna Áirithe d'Imeachtaí Forfheidhmiúcháin;

(3) Cóip de Dhlí Uimh. 3985- IX na hÚcráine an 19 Meán Fómhair 2024 maidir le Leasuithe ar Chód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta agus Gníomhartha Reachtacha Áirithe eile na hÚcráine maidir le Cur Chun Feidhme Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir le Nósanna Imeachta um Athstruchtúrú Coisctheach a thabhairt isteach;

(4) Cóip de Rún Uimh. 1566 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Nollaig 2025 maidir le Leasuithe ar an Nós Imeachta chun Ceantanna a Eagrú agus a Sheoladh chun Maoin Fiachóirí a Dhíol i gCásanna Féimheachta (Dócmhainneacht);

(5) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4863-IX an 29 Aibreán 2026 maidir le Leasuithe ar Chód Sibhialta na hÚcráine i ndáil le Rialáil Caidreamh i Réimse na Monarchana;

(6) Cóip de Rún Uimh. 12 ó Bhord Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 7 Feabhra 2025 maidir le Formheas Leasuithe ar na Rialacháin maidir le hEagrú an Phróisis Bainistithe um Shócmhainní Achrannacha i mBainc na hÚcráine;

(7) Cóip de Rún Uimh. 351 ó Bhord Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 30 Meitheamh 2016 maidir le Formheas na Rialachán maidir le Cinneadh Mhéid an Riosca Creidmheasa ag Bainc na hÚcráine le haghaidh Idirbhearta Baincéireachta Gníomhacha;

(8) Cóip de Dhlí Uimh. 4466- IX na hÚcráine an 3 Meitheamh 2025 maidir le Fachtóireacht;

(9) Cóip de Dhlí Uimh. 2923- IX na hÚcráine an 23 Feabhra 2023 maidir le Cúiteamh i leith Damáiste do Chatagóirí Áirithe Réadmhaoine agus Díothú Catagóirí Áirithe Réadmhaoine mar thoradh ar Chogaíocht;

(10) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4340-IX an 27 Márta 2025 maidir le Leasuithe ar Fhorálacha Críochnaitheacha agus Idirthréimhseacha Chód Sibhialta na hÚcráine maidir le Sonraíochtaí Iasachtaithe agus Léasaithe Airgeadais le linn Thréimhse an Dlí Airm.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 5.5.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha. Tá na gníomhartha dlí lena gcuirtear chun feidhme moltaí na straitéise maidir le réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha lena bhfeabhsaítear an córas um réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha tugtha i bhfeidhm ag údaráis na hÚcráine, mar a thuairiscítear thíos.

An feabhas a cuireadh ar an sainmhíniú ar iasachtaí neamhthuillmheacha i gcomhréir le prionsabail *acquis* an Aontais, cuireadh chun feidhme é trí leasuithe ar chreat rialála Bhanc Náisiúnta na hÚcráine. Go háirithe, le Rún Uimh. 12 ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 7 Feabhra 2025 leasaíodh an '*Rialachán maidir le hEagrú an Phróisis Bainistithe um Shócmhainní Achrannacha i mBainc na hÚcráine*', agus cuireann an creat riosca creidmheasa is infheidhme leis na ceanglais a bunaíodh faoi Rún Uimh. 351 ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 30 Meitheamh 2016. Leathnaíodh catagóir na sócmhainní neamhthuillmheacha chun sócmhainní nach bhfuil ar mainneachtain ach atá lagaithe i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) a chuimsiú, lena n-áirítear sócmhainní a lagaíodh tráth na haitheanta tosaigh (Sócmhainní Ceannaithe nó Tionscanta a bhfuil Fadhbanna Creidmheasa acu). Soiléiríodh na ceanglais maidir le scor de shócmhainní a aicmiú mar shócmhainní neamhthuillmheacha. Go sonrach, cuireadh síneadh leis an tréimhse chun faireachán a dhéanamh ar shócmhainní neamhthuillmheacha roimh athrú ar stádas, agus rinneadh na ceanglais maidir le rialú cáilíochta sócmhainní a dhaingniú. Le tabhairt isteach na forála seo, neartaítear an creat chun faireachán a dhéanamh ar shócmhainní neamhthuillmheacha agus chun iad a réiteach.

Cuireadh chun feidhme athbhunú an cheanglais ar bhainc pleananna agus straitéisí chun déileáil le hiasachtaí neamhthuillmheacha a thabhairt cothrom le dáta agus a chur isteach agus moltaí a sholáthar atá bunaithe ar thorthaí a n-anailíse trí leasuithe ar Rialachán ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine '*Maidir le hEagrú an Phróisis Bainistíochta um Shócmhainní Achrannacha i mBainc na hÚcráine*', arna fhormheas le Rún Uimh. 97 ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 18 Iúil 2019. Glacadh na leasuithe ábhartha le Rún Uimh. 12 ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 7 Feabhra 2025 agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026. Faoin Rialachán leasaithe, ní mór do na bainc a straitéisí le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha agus a bpleananna díolacháin a thabhairt cothrom le dáta agus iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain ina dhiaidh sin.

Le Dlí Uimh. 3985-IX, tugadh isteach na leasuithe ábhartha ar Chód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta, lena n-áirítear an creat um athstruchtúrú coisctheach agus athchóirithe gaolmhara ar nós imeachta féimheachta. Léirítear na hathruithe in airteagail lena gcumhdaítear na ceanglais don bhainisteoir eadrána, cearta agus dliteanais an bhainisteora eadrána, an rialú ar ghníomhaíochtaí bainisteoirí eadrána, na pionóis araíonachta, ceapadh agus cur as oifig an bhainisteora eadrána agus fionraí shealadach an chirt chun gníomhaíochtaí an bhainisteora eadrána a chur i gcrích. Neartaíonn na hathruithe sin freagracht an bhainisteora eadrána as a ndualgais a chomhlíonadh, forchuireann siad ceanglais bhreise ar bhainisteoirí eadrána agus rialaíonn siad a gcearta agus a mbearta forfheidhmiúcháin i gcás sáruithe. Rinneadh na nósanna imeachta ríomhcheantála mionsonraithe a ailíniú ina dhiaidh sin leis an gCód leasaithe trí Rún Uimh. 1566 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Nollaig 2025, a tháinig i bhfeidhm an 10 Nollaig 2025.

Na bearta a shainaithnítear sa Straitéis maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha i ndáil le feabhas a chur ar an nós imeachta agus ar an rochtain ar nósanna imeachta féimheachta agus athstruchtúraithe do dhaoine aonair, do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga, cuireadh chun feidhme iad trí Dhlí Uimh. 3985-IX an 19 Meán Fómhair 2024 agus trí na leasuithe cur chun feidhme ina dhiaidh sin ar an gcreat ríomhcheantála a tugadh isteach le Rún Uimh. 1566 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Nollaig 2025. Leis na hathruithe sin, tugtar isteach rialacha níos solúbtha agus níos intuartha maidir le sócmhainní a dhíol in imeachtaí féimheachta.

Soiléirítear leo stiúradh agus toradh na gceantanna, lena n-áirítear láimhseáil na dtáillí ráthaíochta, oibleagáidí an tairgeora bhuaitigh, agus an nós imeachta atá le leanúint i gcás ina ndiúltaíonn an buaiteoir an ceannach a chur i gcrích. I gcásanna den sórt sin, sainaithnítear go huathoibríoch leis an gcóras trádála leictreonach an tairgeoir a thairgeann an chéad phraghas eile is airde, agus bíonn ceantanna teipthe faoi réir nós imeachta sainithe chun a dtoradh a chinneadh. Foráiltear leis na leasuithe freisin nach gcuirfidh urghabhálacha ná srianta eile ar mhaoin fhéimheach, i gcás ina nochtar i gceart iad san fhógra ceant, cosc ar an gceant ná ar chur i gcrích an díolacháin.

Ina theannta sin, rinneadh Rún Uimh. 865 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 2 Deireadh Fómhair 2019, *'Eisiúintí d'Feidhmiú an Chórais Trádála Leictreonaigh chun Maoin Fiachóirí a Dhíol in Imeachtaí Féimheachta'*, a thabhairt i gcomhréir le Cód nuashonraithe na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta. Tugadh na leasuithe faoi seach isteach le Rún Uimh. 1566 Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Nollaig 2025. Go sonrach, chuir siad an nós imeachta ríomhcheantála faoi Rún Uimh. 865 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine i gcomhréir le Cód nuashonraithe na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta trína chur i bhfeidhm a leathnú chuig imeachtaí um athstruchtúrú coisctheach agus trí ról comhfhreagrach an riarthóra um athstruchtúrú coisctheach a thabhairt isteach. Na rialacha lena rialaítear táillí ráthaíochta, na hiarmhairtí a bhaineann le diúltú buaiteora ceannach agus aistriú an stádais bhuaitigh chuig an rannpháirtí a thairgeann an chéad phraghas eile is airde, rinneadh iad a ailíniú le forálacha athbhreithnithe an Chóid, lena n-áirítear giniúint uathoibríoch prótacail nua maidir le torthaí ceantála. Leis na leasuithe, tugadh ceanglais nós imeachta cothrom le dáta freisin maidir le fógraí ceant, iarratais ar rannpháirtíocht, síniú agus foilsiú prótacal maidir le torthaí ceantála, agus díol maoine urghafa nó ualaithe.

Ina theannta sin, tugadh coimircí isteach i gCód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta chun gníomhaíochtaí calaoiseacha rannpháirtithe a chosc agus chun tionchar pháirtithe gaolmhara an fhéichiúnaí ar imeachtaí féimheachta a theorannú. Rinneadh é sin trí leasuithe ar Airteagail 45 agus 47 de Chód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta a tugadh isteach le Dlí Uimh. 3985-IX an 19 Meán Fómhair 2024. Leis na leasuithe sin, neartaítear coimircí in aghaidh coinbhleachtaí leasa in imeachtaí féimheachta trína cheangal ar chreidiúnaithe aon leas san fhéichiúnaí nó aon ghaol leis a nochtadh agus éilimh in aghaidh an fhéichiúnaí á gcur isteach acu. Foráiltear leis freisin nach mbeidh vóta cinntitheach ag creidiúnaithe a bhfuil leas acu i maoin an fhéichiúnaí ag cruinnithe creidiúnaithe ná ag cruinnithe choiste na gcreidiúnaithe, rud a chuirfidh teorainn lena dtionchar ar chinntí sna himeachtaí.

Cuireadh feabhas freisin ar an reachtaíocht maidir le bailiú fiach agus cóireáil fiachais. Is é sin le rá, le Dlí na hÚcráine Uimh. 2923-IX *'Maidir le Cúiteamh i leith Damáiste do Chatagóirí Áirithe Réadmhaoine agus Díothú Catagóirí Áirithe Réadmhaoine mar thoradh ar Chogaíocht'* an 23 Feabhra 2023, a tháinig i bhfeidhm an 22 Bealtaine 2023, soláthraítear creat le haghaidh cúitimh i leith réadmhaoin áirithe a ndearnadh damáiste di nó a scriosadh agus, ar an gcaoi sin, tacaítear le láimhseáil comhthaobhachta a bhfuil tionchar ag an gcogadh uirthi agus le neamhchosaintí fiachais gaolmhara. Le Dlí na hÚcráine Uimh. 4340-IX *'Maidir le Leasuithe ar Fhorálacha Críochnaitheacha agus Idirthréimhseacha Chód Sibhialta na hÚcráine maidir le Sonraíochtaí Iasachtaithe agus Léasaithe Airgeadais le linn Thréimhse an Dlí Airm'* an 27 Márta 2025, a tháinig i bhfeidhm an 10 Lúnasa 2025, bunaítear sásra moratóra shealadaigh le haghaidh iasachtaithe cáilitheacha a ndéanann cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine difear dóibh, lena n-áirítear gnólachtaí áirithe a ndéantar difear dá sócmhainní agus dá ngníomhaíocht. Glacadh Dlí na hÚcráine Uimh. 4833-IX *'Maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Feabhas a chur ar an Nós Imeachta i ndáil le Cinntí Cúirte a Fhorfheidhmiú, Cinntí ó Chomhlachtaí Eile agus Digiteáil Céimeanna Áirithe d'Imeachtaí Forfheidhmiúcháin'* sa Verkhovna Rada an 7 Aibreán 2026 agus tháinig forálacha áirithe i bhfeidhm níos luaithe, an 24 Aibreán 2026 agus an 23 Bealtaine 2026. Beidh sé i bhfeidhm go hiomlán ón 23 Deireadh Fómhair 2026.

I dteannta a chéile, neartaíonn na bearta sin an creat maidir le cóireáil fiachais agus aisghabháil fiach trí aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an scriosta agus an chaillteanais sócmhainní táirgiúla a bhaineann leis an gcogadh, agus rialacha níos soiléire á soláthar an tráth céanna d'iasachtaithe agus do chreidiúnaithe a ndéanann imthosca den sórt sin difear dóibh. I dteannta a chéile, tugtar aghaidh leis na bearta ar na gnéithe bailithe fiach agus cóireála fiachais a shainaithnítear sa straitéis maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha.

Ar deireadh, tugadh isteach coinníollacha rialála atá fabhrach d'fhorbairt agus d'oibriú an mhargaidh iasachtaí neamhthuillmheacha. Cuireadh an méid sin chun feidhme trí Dhlí Uimh. 4466-IX na hÚcráine an 3 Meitheamh 2025 'maidir le Fachtóireacht', a tháinig i bhfeidhm an 30 Iúil 2025 agus a cuireadh i bhfeidhm ón 30 Iúil 2026, tar éis theacht i bhfeidhm Dhlí Uimh. 4863 na hÚcráine an 29 Aibreán 2026 *'maidir le Cód Sibhialta Fhorálacha na hÚcráine maidir le Caidreamh sa Ghnó Fachtóireachta a Leasú'*. Bunaítear leis an gcéad dlí creat dlíthiúil nua le haghaidh fachtóireachta agus soiléirítear leis an creat dlíthiúil chun éilimh airgeadaíochta a shannadh agus a fhorfheidhmiú, agus lena leasuithe ar reachtaíocht baincéireachta agus ar reachtaíocht maidir le creidmheas tomhaltóirí, bunaítear rialacha lena rialaítear aistriú éileamh creidmheasa áirithe chuig creidiúnaithe nua incháilithe. Leis an dara dlí, déantar forálacha ábhartha an Chóid Shibhialta a ailíniú leis an gcreat nua sin, rud a chruthaíonn soiléireacht dhlíthiúil agus intuarthacht níos fearr do rannpháirtithe sa mhargadh. Is é is aidhm do na bearta sin forbairt agus oibriú an mhargaidh fachtóireachta a éascú agus creat dlíthiúil níos soiléire a chruthú do rannpháirtithe sa mhargadh.

Mar chuid de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2230 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2026 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an ochtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin, cuireadh an chéim sin san áireamh mar thoisc mhaolaitheach, i gcomhréir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine, chun críocha chur i bhfeidhm an Chinnidh sin agus chun na gcríoch sin amháin. Níor tháinig aon athrú ar an measúnú ar an gcéim sin ó glacadh an Cinneadh sin.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 6.7

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le deighilt gníomhaíochtaí PSO agus gníomhaíochtaí neamh-PSO

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Deighilt cuntas idir oibleagáidí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí neamh-PSO in oibleagáidí seirbhíse poiblí

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 6.7 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta a shainaithnítear sa Treochlár a glacadh faoi bheart 6.6 chun ailíniú le Treoir 2006/111 ón gCoimisiún Eorpach, lena n-áiritheofar go ndéanfar díchuachadh struchtúrach sainordaitheach na gcuntas idir gníomhaíochtaí PSO agus gníomhaíochtaí neamh-PSO a shainiú agus a chur chun feidhme sna príomhfhiontair is tábhachtaí uile faoi úinéireacht stáit a fhormheastar leis an gcinneadh prótacail ón gComh-Aireacht Airí atá ag gabháil do PSOnna.'

Is í Céim 6.7 an dara céim de na trí chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 de Chaibidil 6 (sócmhainní poiblí a bhainistiú). Roimhe sin, bhí Céim 6.6 ann maidir le treochlár a ghlacadh i ndáil le hoibleagáidí seirbhíse poiblí (PSO) agus gníomhaíochtaí neamh-PSO a dheighilt. Ina dhiaidh sin, tá Céim 6.8 ann (atá dlite faoi R3 2027), arb é atá i gceist léi tuarascáil iniúchóireachta a chur isteach lena ndeimhnítear deighilt gníomhaíochtaí PSO agus gníomhaíochtaí neamh-PSO.

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Dhlí Uimh. 4961-IX na hÚcráine an 2 Meán Fómhair 2026 maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe na hÚcráine maidir le Feidhmiú Páirceanna Tionsclaíocha a Fheabhsú.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 6.7.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 de Chaibidil 6 (sócmhainní poiblí a bhainistiú) cothrom iomaíochta leis an earnáil phríobháideach a neartú, chomh maith le tuilleadh cóineasaithe le *acquis* an Aontais trí chuntas a dheighilt idir gníomhaíochtaí a bhaineann le hOibleagáidí Seirbhíse Poiblí (PSOnna) agus gníomhaíochtaí neamh-PSO.

Is é Céim 6.7 an dara gné d'Athchóiriú 3 agus cuireann sí le Céim 6.6 trí reachtaíocht a chur chun feidhme a shainaithnítear sa treochlár lena sainítear na céimeanna le haghaidh deighilt struchtúrach shainordaitheach gníomhaíochtaí PSO agus gníomhaíochtaí neamh-PSO do gach fiontar faoi úinéireacht stáit atá ag gabháil do PSOnna, a glacadh agus a foilsíodh faoi Chéim 6.6.

Tháinig an reachtaíocht a glacadh i bhfeidhm agus soláthraítear léi an bunús dlí chun deighilt cuntas a chur chun feidhme i ngach fiontar faoi úinéireacht stáit atá ag gabháil do PSOnna ach tugtar aird ar leith orthu siúd a leagtar amach sa chinneadh prótacail ón gComh-Aireacht Airí mar phríomhfhiontair faoi úinéireacht stáit. Dá bhrí sin, cuireann sé ar chumas cuideachtaí straitéiseacha faoi úinéireacht stáit – in earnálacha amhail fuinneamh agus iompar, ach gan bheith teoranta dóibh – leanúint de ghealltanais maidir le soláthar seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, agus san am céanna dul i mbun gníomhaíochtaí tráchtála go trédhearcach, agus cothrom na Féinne ann le rannpháirtithe eile sa mhargadh.

Sainítear leis an dlí, i measc nithe eile, PSOnna, cearta speisialta agus cearta eisiacha, agus bunaítear leis cuntasaíocht shainordaitheach ar leithligh le haghaidh idirbhearta ábhartha airgeadais agus eacnamaíocha. Ceanglaítear leis freisin caidreamh airgeadais le húdaráis phoiblí a nochtadh, tuairisciú a dhéanamh ar sholáthar agus ar úsáid iarbhír cistí poiblí agus doiciméadacht tacaíochta a choinneáil, agus ar an gcaoi sin trédhearcacht airgeadais a neartú agus cuidiú le tras-fhóirdheonú idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus tráchtála a chosc.

Tá forálacha sa Dlí sin, go háirithe, lena ndéantar an méid seo a leanas:

— na téarmaí 'oibleagáid speisialta', 'cearta eisiacha' agus 'cearta speisialta' a shainmhíniú i ndáil le heintitis ghnó;

— ceanglas a thabhairt isteach maidir le cuntasaíocht ar leithligh le haghaidh eintitis ghnó dá sanntar oibleagáidí speisialta nó a dhéanann dualgais shonracha eile ar bhonn cearta eisiacha nó speisialta;

— ceanglais a bhunú maidir le nochtadh faisnéise airgeadais, go háirithe maidir leis na foinsí cistiúcháin le haghaidh oibleagáidí speisialta.

Bunaítear leis na forálacha sin an bunús dlí le haghaidh deighilt struchtúrach shainordaitheach cuntas idir gníomhaíochtaí PSO agus gníomhaíochtaí neamh-PSO, i gcomhréir le ceanglais Threoir 2006/111/CE ón gCoimisiún.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 7.7

Ainm na céime: Glacadh na Straitéise um Fhostaíocht Daonra
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 6. Feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh saothair
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 7.7 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'An tOrdú ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine a ghlacadh maidir le formheas na Straitéise um Fhostaíocht Daonra. Leis an straitéis dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* — *dálaí fabhracha fostaíochta a chruthú, lena n-áirítear na dálaí sin a chruthú trí fhiontraíocht agus béim ar leith á leagan ar mhná;* — *rochtain ar an margadh saothair a shimpliú;* — *athoiliúint agus athcháiliú;* — *seirbhís fostaíochta an stáit a athchóiriú;* — *réamhaisnéisiú an mhargaidh saothair a athchóiriú;* — *dreasachtaí chun tallann eachtrach a mhealladh chuig margadh saothair na hÚcráine, mar aon le fiontraithe eachtracha, pearsanra oibre, pearsanra oibre ardoilte agus mic léinn.'* Is é Céim 7.7 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 6 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna). Rinneadh measúnú dearfach ar Chéim 7.6 maidir le glacadh na Straitéise Forbartha Déimeagrafaí le haghaidh na tréimhse suas le 2040 mar chuid den dara tráthchuid (R3 2024). Ina dhiaidh sin, beidh Céim 7.20 ann maidir le glacadh an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse suas le 2030 (atá dlite faoi R2 2026) agus Céim 7.21 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde (atá dlite faoi R4 2026).
An fhianaise a soláthraíodh (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; (2) Cóip d'fhoilsiú na straitéise in Iris Oifigiúil Uimh. 40 an 18 Feabhra 2026; (3) Cóip d'Ordú Uimh. 92-r ó Chomh-Aireacht na nAirí an 7 Eanáir 2026 'maidir le formheas Straitéis na hÚcráine um Fhostaíocht Daonra le haghaidh na tréimhse suas le 2030 agus formheas an phlean gníomhaíochta oibriúcháin maidir lena cur chun feidhme in 2026-2028'; (4) Cóip de 'Straitéis na hÚcráine um Fhostaíocht Daonra le haghaidh na tréimhse suas le 2030' mar cheangaltán le hOrdú 92-r an 7 Eanáir 2026.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 7.7.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 6 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna) cur le feidhmiú an mhargaidh saothair. Chuige sin, ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine Ordú Uimh. 92-r an 7 Eanáir 2026 '*maidir le formheas Straitéis na hÚcráine um Fhostaíocht Daonra le haghaidh na tréimhse suas le 2030 agus formheas an phlean gníomhaíochta oibriúcháin maidir lena cur chun feidhme in 2026-2028*' (dá ngairtear 'an straitéis' ina dhiaidh seo).Tá an straitéis i gceangal le hOrdú formheasta Uimh. 92-r agus tá an plean oibríochtúil le haghaidh 2026-2028 ag gabháil léi.

Is é is aidhm don straitéis rochtain ar an margadh saothair a shimpliú agus príomhchodanna den daonra a athsciliú agus a uas-sciliú an tráth céanna. Chun é sin a bhaint amach, tugtar isteach léi pacáiste athchóirithe comhtháite atá ceaptha an méid seo a leanas a dhéanamh: bearnaí faisnéise idir cuardaitheoirí poist agus fostóirí a íoslaghdú; meaitseáil post a bhrostú; agus conairí fostaíochta a dhéanamh níos soiléire, níos tapúla agus níos cuimsithí. Cuid lárnach den chur chuige sin is ea Obrii a chur i bhfeidhm, ar Córas Aontaithe um Fhaisnéis agus Anailísíocht é a fheidhmíonn mar thairseach dhigiteach aonair do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Leis an ardán sin, déanfar folúntais agus CVanna a chomhdhlúthú, cumasófar meaitseáil inniúlacht-bhunaithe agus cuirfear seirbhísí ríomhearcaíochta ar fáil.

Ina theannta sin, féachann an straitéis leis an bhfiontraíocht a chur chun cinn mar phríomhbhealach i dtreo na fostaíochta, agus béim ar leith á leagan ar thacaíocht a thabhairt do mhná san earnáil ghnó. Is é is aidhm don straitéis uileghabhálach agus dá plean oibríochtúil araon fiontraíocht na mban a neartú trí bhearta amhail: laghdú a dhéanamh ar bhacainní riaracháin agus rialála maidir le gnólacht a thosú agus a reáchtáil, go háirithe i gcás fiontair atá faoi stiúir ban; tacaíocht airgeadais agus rochtain ar chaipiteal a leathnú chun fás fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a chothú; meastóireacht a dhéanamh ar thionchar bheartais an rialtais ar fhiontraíocht na mban agus moltaí a chur ar fáil chun tacaíocht spriocdhírithe a fheabhsú agus bacainní sistéamacha a dhíchur.

Áirítear sa straitéis freisin forbairt Treochláir thiomnaithe do Sheirbhís Fostaíochta an Stáit (2026-2030), ina leagtar amach cur chuige céimnithe maidir le hathchóirithe institiúideacha agus nuachóiriú seirbhísí. I measc na bpríomhthionscnamh, tá na nithe seo a leanas: creat atá bunaithe ar inniúlachtaí a ghlacadh le haghaidh bainistiú acmhainní daonna ar fud gníomhaireachtaí fostaíochta chun rianú feidhmíochta a fheabhsú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh foirne spriocanna éifeachtachta seirbhíse; cláir oiliúna a thabhairt cothrom le dáta chun bainisteoirí agus baill foirne a uas-sciliú go córasach i gcomhréir le riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair; comhar trasghníomhaireachta a neartú, faoi stiúir an Lárionaid Fostaíochta Stáit, chun feabhas a chur ar an gcomhordú le comhlachtaí rialtais eile agus le gairmithe túslíne.

Chun an margadh saothair a dhéanamh slán i bhfad na haimsire, moltar athchóirithe sa straitéis maidir leis an éileamh ar shaothar a thuar agus tallann idirnáisiúnta a mhealladh, lena n-áirítear fiontraithe eachtracha, oibrithe oilte agus mic léinn. Is éard atá i gceist leis sin: córas láidir a bhunú chun an t-éileamh saothair a anailísiú agus a thuar, agus úsáid á baint as bailiú caighdeánaithe sonraí, anailísíocht chaighdeánaithe agus táscairí caighdeánaithe – arna miondealú de réir aoise, inscne agus ceantair; samhail réamhaisnéise eacnamaíoch a thabhairt isteach lena ngabhann ionchas 5-10 mbliana, lena gcuirtear treochtaí maicreacnamaíocha, athruithe déimeagrafacha agus athruithe earnála san áireamh.

Ar deireadh, bainfear úsáid leis an straitéis as meascán d'uirlisí cur chun cinn, rialála agus digiteacha, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: feachtais feasachta spriocdhírithe; oideachas agus taighde na hÚcráine a chur chun cinn go hidirnáisiúnta chun mic léinn agus acadóirí eachtrannacha a mhealladh; staidéir anailíseacha agus treochlár maidir le himirce bhainistithe lucht saothair, in éineacht le hathbhreithnithe tráthrialta ar liosta na ngairmeacha agus na gcáilíochtaí atá incháilithe don inimirce – lena n-áirítear conairí chuig buanchónaí.

Mar chuid de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1204 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2026 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an seachtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, cuireadh an chéim sin san áireamh mar thoisc mhaolaitheach, i gcomhréir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine, chun críocha chur i bhfeidhm an Chinnidh sin agus chun na gcríoch sin amháin. Níor tháinig aon athrú ar an measúnú ar an gcéim sin ó glacadh an Cinneadh sin.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 7.12

Ainm na céime: Infheistíochtaí dar luach EUR 300 milliún ar a laghad san oideachas
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Infheistíocht 1. Infheistíochtaí san oideachas
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 7.12 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Tuarascáil eatramhach ón rialtas (nó tuarascáil ón Státchiste) ina léirítear, i mBuiséid an Stáit le haghaidh 2024 agus 2025, gur bhuiséadaigh an rialtas ginearálta, le haghaidh na leibhéal réigiúnach agus áitiúil go háirithe (mar chuid de bheart 9.7), ar a laghad EUR 300 milliún (i gcoibhéis UAH) chun feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas sábháilte ar ardcháilíocht, lena n-áirítear oideachas réamh-bhunscoile i gcomhréir leis an reachtaíocht nua maidir leis an oideachas réamh-bhunscoile, i measc rudaí eile, le haghaidh na nithe seo a leanas:* — *foscadáin agus dálaí sábháilte i bhforais oideachais;* — *busanna scoile;* — *modh teagaisc nua-aimseartha, lena n-áirítear modh teagaisc trí bhíthin an digitithe;* — *ábhair agus trealamh d'fhorais oideachais;* — *cothú ardcháilíochta;* — *ceardlanna agus saotharlanna a bhunú in institiúidí oideachais;* — *feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh oideachais.'* Is í Céim 7.12 an chéad cheann de dhá chéim i gcur chun feidhme Infheistíocht 1 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna). Ina dhiaidh sin, tá Céim 7.13 ann (atá dlite ar R3 2027) maidir le hinfheistíochtaí EUR 650 milliún ar a laghad san oideachas.
An fhianaise a soláthraíodh (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; (2) Cóip de Dhlí Uimh. 3460-IX na hÚcráine an 9 Samhain 2023 'maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2024' agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis; (3) Cóip de Dhlí Uimh. 4059-IX na hÚcráine an 19 Samhain 2024 'maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2025' agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis;

(4) Cóip de Rún Uimh. 925 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 30 Samhain 2016 le haghaidh BP 2211210 VEC in 2024 agus BP 2211800 VEC in 2025;

(5) Cóip de Rún Uimh. 419 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 28 Aibreán 2023 le haghaidh BP 2211310 Foscadáin in 2024 agus BP 2211810 Foscadáin in 2025;

(6) Cóip de Rún Uimh. 418 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 28 Aibreán 2023 le haghaidh BP 2211320 Busanna in 2024 agus BP 2211830 Busanna in 2025;

(7) Cóip de Rún Uimh. 120 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 16 Feabhra 2022 le haghaidh BP 2211330 Ceaintíní in 2025;

(8) Cóip de Rún Uimh. 237 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 4 Aibreán 2018 le haghaidh BP 2211230 NUS;

(9) Cóip de Rún Uimh. 1554 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 31 Nollaig 2024 le haghaidh BP 2211850 NUS in 2025;

(10) Cóip de Rún Uimh. 1530 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 30 Nollaig 2024 le haghaidh BP 2211840 Cosaint dóiteáin;

(11) Cóip de Rún Uimh. 1477 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 30 Nollaig 2022 le haghaidh BP 3511280 Foscadáin agus Busanna agus Rún Uimh. 1392 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 29 Deireadh Fómhair 2025, a tháinig i bhfeidhm le hOrdú Uimh. 1308 ó Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine an 11 Meán Fómhair 2024 agus Ordú Uimh. 1310 ó Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine an 11 Meán Fómhair 2024;

(12) Cóip den fhoirm Tuairiscithe ar Fhoroinn II.1 'Caiteachas tríd an Aicmiú Cláir ar Chaiteachas agus Iasachtú Buiséid Stáit' de Roinn II 'Caiteachas' den Tuarascáil maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine a Fhorghníomhú', le haghaidh 2024 agus 2025 den Tuarascáil maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine a Fhorghníomhú, arna formheas le hOrdú Uimh. 41 ó Aireacht Airgeadais na hÚcráine an 30 Eanáir 2018;

(13) Cóip den fhoirm tuairiscithe maidir le 'Faisnéis faoi Chur Chun Feidhme Táscairí Aistrithe Idir-Rialtasacha (Deontais Eile agus Fóirdheontais) ó Bhuiséad Stáit na hÚcráine go Buiséid Áitiúla' le haghaidh 2024 agus 2025 den Tuarascáil maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine a Fhorghníomhú, arna formheas le hOrdú Uimh. 41 ó Aireacht Airgeadais na hÚcráine an 30 Eanáir 2018;

(14) Cóip de na ríomhanna teicniúla simplithe;

(15) Cóip de liosta Orduithe Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine nó cinntí eile lena sainítear liosta na dtionscadal a bheidh le maoiniú faoin gclár buiséid faoi seach;

(16) Cóip de liosta na dtionscadal uile a cuireadh chun feidhme faoin gclár buiséid faoi seach.

(17) Cóip de liosta na dtionscadal a cuireadh chun feidhme faoin gclár buiséid faoi seach agus na soláthairtí gaolmhara.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 7.12.

Is é is cuspóir d'Infheistíocht 1 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna) feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas poiblí sábháilte ardcháilíochta.

Chuige sin, le Buiséid Stáit na hÚcráine le haghaidh 2024 agus 2025, cuireadh sraith clár buiséid tiomnaithe i leataobh agus cuireadh chun feidhme iad lena ndírítear go sonrach ar infheistíochtaí in oideachas sábháilte, inrochtana agus ardcháilíochta ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Cumhdaíodh leis na cláir sin, *inter alia*, foscadáin agus bearta cosanta dóiteáin a fhorbairt in institiúidí oideachais, busanna scoile a cheannach, ceaintíní a nuachóiriú, ábhair agus trealamh teagaisc agus foghlama a sholáthar faoin athchóiriú 'Scoil Nua na hÚcráine' agus uasghrádú ceardlann agus saotharlann in institiúidí gairmoideachais, lena n-áirítear bearta a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh, sábháilteacht agus cuimsitheacht.

Ar an iomlán, ba é UAH 4,64 billiún (EUR 107 milliún) méid iomlán an chaiteachais a tuairiscíodh faoi na cláir bhuiséid thiomnaithe sin in 2024 agus UAH 11,42 billiún (EUR 244 mhilliún) in 2025, a chomhfhreagraíonn d'infheistíocht chomhcheangailte de thart ar UAH 16,06 billiún (EUR 351 mhilliún) thar an 2 bhliain a sháraíonn an sprioc íosta EUR 300 milliún a leagtar amach faoi Chéim 7.12. Ba cheart a thabhairt faoi deara, ós rud é nár thuairiscigh an Úcráin ach caiteachas fíoraithe agus go bhfuil an fíorú fós ar siúl, go bhféadfadh méadú teacht ar an méid sin go dtí thart ar UAH 17,38 billiún (EUR 380 milliún).

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 7.14

Ainm na céime: Infheistíochtaí dar luach EUR 200 milliún ar a laghad sa chúram sláinte

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Infheistíocht 2. Infheistíochtaí i gcúram sláinte

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 7.14 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Tuarascáil eatramhach ón rialtas (nó tuarascáil ón Státchiste) ina léirítear gur bhuiséadaigh an rialtas ginearálta i mBuiséid an Stáit le haghaidh 2024 agus 2025, EUR 200 milliún ar a laghad (i gcoibhéis UAH), a ndéanfar cuid den mhéid sin a bhuiséadú le haghaidh an leibhéil réigiúnaigh (mar chuid de bheart 9.7), chun cúram sláinte a neartú, i measc rudaí eile, le haghaidh na nithe seo a leanas:

— *trealamh saotharlainne le haghaidh anailís mhicribhitheolaíoch, cheimiceach agus fhisiceach;*

— *foscadáin agus bearta sábháilteachta le haghaidh saoráidí cúraim sláinte;*

— *trealamh ospidéil le haghaidh anailís leighis, máinliachta, agus cúram othar;*

— *bonneagar agus saoráidí cúraim sláinte;*

— *córais TF chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht seirbhísí cúraim sláinte.'*

Is é Céim 7.14 an chéad chéim i gcur chun feidhme Infheistíocht 2 faoi Chaibidil 7 (caipiteal daonna). Ina dhiaidh sin, beidh Céim 7.15 ann (atá dlite ar R3 2027) maidir le hinfheistíochtaí EUR 400 milliún ar a laghad i gcúram sláinte.

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Dhlí Uimh. 3460-IX na hÚcráine an 9 Samhain 2023 'maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2024 agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis;'

(3) Cóip de Dhlí Uimh. 4059-IX na hÚcráine an 19 Samhain 2024 'maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2025 agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis;'

(4) Cóip de Dhlí Uimh. 4695-IX na hÚcráine an 3 Nollaig 2025 'maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2026' agus an iarscríbhinn a ghabhann leis;

(5) Cóip de Rún Uimh. 1886 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 24 Nollaig 2019 le haghaidh BP 2308060;

(6) Cóip de Rún Uimh. 298 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 17 Márta 2011 le haghaidh BP 2301400;

(7) Cóip de Rún Uimh. 374 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 2 Aibreán 2024 le haghaidh BP 2311590;

(8) Cóip de Rún Uimh. 73 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 23 Eanáir 2024 le haghaidh BP 2311500;

(9) Cóip de Rún Uimh. 289 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 15 Márta 2024 le haghaidh BP 2301060;

(10) Cóip de Rún Uimh. 1121 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 27 Samhain 2019 le haghaidh BP 2301040;

(11) Cóip de Rún Uimh. 271 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 7 Márta 2025 le haghaidh BP 2301800;

(12) Cóip de Rún Uimh. 312 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 18 Márta 2025 le haghaidh BP 2311800;

(13) Cóip de Rún Uimh. 312 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 18 Márta 2025 (arna leasú);

(14) Cóip d'Ordú Uimh. 2195 ó Aireacht Sláinte na hÚcráine an 30 Nollaig 2024 le haghaidh BP 2301170 agus an iarscríbhinn a ghabhann leis;

(15) Cóip d'Ordú Uimh. 2192 ó Aireacht Sláinte na hÚcráine an 30 Nollaig 2024 le haghaidh BP 230110 agus an iarscríbhinn a ghabhann leis;

(16) Cóip de Phas Uimh. 39 d'Acadamh Náisiúnta Eolaíochta na hÚcráine an 22 Bealtaine 2024 le haghaidh BP 6561190 agus an iarscríbhinn a ghabhann leis;

(17) Cóip d'Ordú Uimh. 464 ón Aireacht Sláinte an 6 Aibreán 2026 le haghaidh BP 2301800;

(18) Cóip den fhoirm Tuairiscithe ar Fhoroinn II.1 'Caiteachas tríd an Aicmiú Cláir ar Chaiteachas agus Iasachtú Buiséid Stáit' de Roinn II 'Caiteachas' den Tuarascáil maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine a Fhorghníomhú', le haghaidh 2024 agus 2025 den Tuarascáil maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine a Fhorghníomhú, arna formheas le hOrdú Uimh. 41 ó Aireacht Airgeadais na hÚcráine an 30 Eanáir 2018;

(19) Cóip den fhoirm tuairiscithe maidir le 'Faisnéis faoi Chur Chun Feidhme Táscairí Aistrithe Idir-Rialtasacha (Deontais Eile agus Fóirdheontais) ó Bhuiséad Stáit na hÚcráine go Buiséid Áitiúla' le haghaidh 2024 agus 2025 den Tuarascáil maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine a Fhorghníomhú, arna formheas le hOrdú Uimh. 41 ó Aireacht Airgeadais na hÚcráine an 30 Eanáir 2018;

(20) Cóip den litir dar dáta an 15 Iúil 2026 ó Sheirbhís Státchiste na hÚcráine agus an iarscríbhinn a ghabhann léi;

(21) Cóip den litir dar dáta an 15 Meán Fómhair 2026 ó Sheirbhís Státchiste na hÚcráine agus an iarscríbhinn a ghabhann léi;

(22) Cóip de na ríomhanna teicniúla simplithe;

(23) Cóip de liosta Orduithe Aireacht Sláinte na hÚcráine nó cinntí eile lena sainítear liosta na dtionscadal atá le maoiniú faoin gclár buiséid faoi seach;

(24) Cóip de liosta na dtionscadal uile a cuireadh chun feidhme faoin gclár buiséid faoi seach.

(25) Cóip de liosta na dtionscadal a cuireadh chun feidhme faoin gclár buiséid faoi seach agus na soláthairtí gaolmhara.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 7.14.

Is é is cuspóir d'Infheistíocht 2 faoi Chaibidil 7 (caipiteal daonna) feabhas a chur ar chóras cúraim sláinte poiblí na hÚcráine.

Chuige sin, le Buiséid Stáit na hÚcráine le haghaidh 2024 agus 2025, cuireadh sraith clár buiséid tiomnaithe i leataobh agus cuireadh chun feidhme iad lena gcumhdaítear, i measc réimsí eile, sábháilteacht saoráidí cúraim sláinte agus suiteáil struchtúr cosanta; bonneagar leighis a athbhunú, a atógáil agus a nuachóiriú; cúram athshlánaithe agus sainchúram leighis a fhorbairt, lena n-áirítear cúram péidiatraiceach, cairdeolaíocht, oinceolaíocht, oideachas leighis agus eolaíocht; tacaíocht do shaoráidí cúraim sláinte ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil; trealamh leighis nua-aimseartha a sholáthar; agus acmhainneacht an chórais cúraim sláinte agus leanúnachas an chúraim a neartú.

Thuairiscigh údaráis na hÚcráine caiteachas incháilithe faoi na cláir bhuiséid sin a raibh UAH 4,33 billiún (EUR 100 milliún) ann in 2024 agus UAH 4,10 billiún (EUR 87 milliún) in 2025, a chomhfhreagraíonn do thart ar UAH 8,43 billiún (EUR 187 milliún) san iomlán le linn na tréimhse 2 bhliain.

Leanadh de chur chun feidhme na gclár buiséid thuas in 2026 mar a cheanglaítear le Céim 7.15, lena n-éilítear infheistíocht EUR 400 milliún ar a laghad i gcúram sláinte. I ndáil leis sin, le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2026, cuireadh cláir bhuiséid thiomnaithe chun feidhme maidir le bonneagar agus saoráidí cúraim sláinte le haghaidh UAH 4,12 billiún (thart ar EUR 81 mhilliún).

Bailítear faisnéis maidir le tionscadail agus soláthairtí gaolmhara ar bhonn ráithiúil, agus ba é UAH 597 milliún (thart ar EUR 12 mhilliún) an caiteachas tuairiscithe iomlán don chéad 6 mhí de 2026 ar féidir an fhaisnéis sin a sholáthar ina leith. Dá réir sin, chun críoch an mheasúnaithe dhearfaigh, measann an Coimisiún nach bhfuil ach an caiteachas dar luach EUR 12 mhilliún bailí, is é sin thart ar UAH 9 mbilliún (EUR 199 milliún).Cé go bhfuil diall íosta ó na hacmhainní airgeadais atá ábhartha do chur chun feidhme Chéim 7.14, léiríonn an fhianaise a cuireadh isteach cur chun feidhme leanúnach na hinfheistíochta cúraim sláinte ábhartha le linn na tréimhse ina dhiaidh sin agus deimhníonn sé baint amach substainteach an chuspóra beartais a shaothraítear leis an gcéim. Ar an mbonn sin, is féidir a mheas go bhfuil Céim 7.14 comhlíonta go sásúil.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 7.18

Ainm na céime: Infheistíochtaí dar luach EUR 200 milliún ar a laghad chun tithíocht a sholáthar d'iarshaighdiúirí cogaidh atá faoi mhíchumas a bhaineann le grúpaí I-II, do bhaill teaghlaigh iarshaighdiúirí nach maireann agus do dhaoine easáitithe ina dtír féin

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Infheistíocht 5. Infheistíochtaí i soláthar tithíochta do ghrúpaí leochaileacha den daonra

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 7.18 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Tuarascáil eatramhach ón rialtas (nó tuarascáil ón Státchiste) ina léireofar gur bhuiséadaigh an Rialtas ginearálta i mBuiséid an Stáit le haghaidh 2024 agus 2025 EUR 200 milliún ar a laghad (i gcoibhéis UAH) chun tithíocht a sholáthar dóibh siúd a leanas:

— *daoine faoi mhíchumas de ghrúpaí I-II a chosain neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine;*

— *baill teaghlaigh na gcosantóirí nach maireann;*

— *daoine atá easáitithe ina dtír féin a chosain neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine agus a mbaill teaghlaigh.'*

Is é Céim 7.18 an chéad cheann den dá chéim i gcur chun feidhme Infheistíocht 5 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna). Ina dhiaidh sin tá Céim 7.16 ann (atá dlite in R3 2027) maidir le hinfheistíochtaí EUR 350 milliún ar a laghad i mbonneagar sóisialta.

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Dhlí Uimh. 3460-IX na hÚcráine an 9 Samhain 2023 'maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2024' agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis;

(3) Cóip de Dhlí Uimh. 4059-IX na hÚcráine an 19 Samhain 2024 'maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2025' agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis;

(4) Cóip d'Ordú Uimh. 1146-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 19 Samhain 2024 le haghaidh BP 1511040 agus BP 1511050;

(5) Cóip d'Ordú Uimh. 1285-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 20 Nollaig 2024 le haghaidh BP 1511040 agus BP 1511050;

(6) Cóip d'Ordú Uimh. 1313-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 26 Samhain 2025 le haghaidh BP 1511800;

(7) Cóip d'Ordú Uimh. 1433-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 17 Nollaig 2025 le haghaidh BP 1511800;

(8) Cóip d'Ordú Uimh. 1473-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 23 Nollaig 2025 le haghaidh BP 1511800;

(9) Cóip de Rún Uimh. 719 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 19 Deireadh Fómhair 2016 le haghaidh BP 1511040 agus BP 1511800;

(10) Cóip de Rún Uimh. 280 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 18 Aibreán 2018 le haghaidh BP 1511050;

(11) Cóip de na ríomhanna teicniúla simplithe;

(12) Cóip den fhoirm tuairiscithe ar Fhoroinn II.1 'Caiteachas tríd an Aicmiú Cláir ar Chaiteachas agus Iasachtú Buiséid Stáit' de Roinn II 'Caiteachas' den Tuarascáil maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine a Fhorghníomhú', le haghaidh 2024 agus 2025 den Tuarascáil maidir le Buiséad Stáit na hÚcráine a Fhorghníomhú arna formheas le hOrdú Uimh. 41 ó Aireacht Airgeadais na hÚcráine an 30 Eanáir 2018.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 7.18.

Is é is cuspóir d'Infheistíocht 5 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna) feabhas a chur ar rochtain ar thithíocht inacmhainne agus feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht tithíochta agus béim ar leith á leagan ar iarshaighdiúirí, ar iarshaighdiúirí faoi mhíchumas, ar a mbaill teaghlaigh agus ar dhaoine easáitithe ina dtír féin.

Chuige sin, le Buiséad Stáit na hÚcráine le haghaidh 2024 agus 2025, cuireadh sraith clár buiséid tiomnaithe i leataobh agus cuireadh chun feidhme iad lena ndírítear go sonrach ar ghrúpaí leochaileacha, is iad sin: daoine faoi mhíchumas de ghrúpa I nó II a chosain an Úcráin; baill teaghlaigh cosantóirí a maraíodh nó nach maireann; agus iarshaighdiúirí atá easáitithe ina dtír féin a chosain an Úcráin, faoi réir na gceanglas ábhartha maidir le hincháilitheacht dhlíthiúil agus clárú tithíochta.

Ar an iomlán, ba é UAH 9,82 billiún (EUR 226 mhilliún) méid iomlán an chaiteachais in 2024 agus UAH 6,48 billiún (EUR 138 milliún) in 2025, a chomhfhreagraíonn do thart ar UAH 16,3 (EUR 364 mhilliún) san iomlán thar an 2 bhliain, méid a sháraíonn an sprioc íosta EUR 200 milliún a leagtar amach faoi Chéim 7.18.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 7.20

Ainm na céime: Glacadh an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 6. Feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh saothair

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 7.20 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Glacadh agus foilsiú ar shuíomh gréasáin Chomh-Aireacht na nAirí an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026–2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030'.

Is é céim 7.20 an tríú céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 6 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna) a bhaineann le Glacadh an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030. Roimhe sin bhí céim 7.6 (glacadh na Straitéise um Fhorbairt Dhéimeagrafach don tréimhse suas go dtí 2040) a ndearnadh measúnú dearfach uirthi in R3 2024 agus Céim 7.7 (glacadh na Straitéise um Fhostaíocht Daonra) a ndearnadh measúnú dearfach uirthi in R2 2026. Ina dhiaidh sin, beidh céim 7.21 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le sláinte agus sábháilteacht agus cheirde.

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip d'fhoilsiú na straitéise in Iris Oifigiúil Uimh. 116 an 3 Meitheamh 2026.

(3) Cóip d'Ordú Uimh. 504-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 27 Bealtaine 2026 'maidir le formheas an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse suas le 2030';

(4) Cóip den 'Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse suas le 2030' mar cheangaltán le hOrdú Uimh. 504-p an 27 Bealtaine 2026.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 7.20.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 6 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna) cur le feidhmiú an mhargaidh saothair. Chuige sin, ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine Ordú Uimh. 504-p an 27 Bealtaine 2026 *'Maidir le formheas an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030*' (dá ngairtear 'an plean oibríochtúil' anseo feasta). Tá an plean oibríochtúil i gceangal le hOrdú formheasta Uimh. 504-p.

Leagtar amach sa phlean oibríochtúil don tréimhse 2026-2028 creat struchtúrtha atá ábhartha ó thaobh beartais de arb é is aidhm dó comhionannas inscne a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar phá comhionann, ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ar chuimsiú oideachais agus ar rochtain ar oideachas agus cúram na luath-óige. Comhfhreagraíonn na bearta atá beartaithe do ghealltanais ábhartha idirnáisiúnta agus Eorpacha sna réimsí lena mbaineann.

Mar chuid de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2230 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2026 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an ochtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin, cuireadh an chéim sin san áireamh mar thoisc mhaolaitheach, i gcomhréir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine, chun críocha chur i bhfeidhm an Chinnidh sin agus chun na gcríoch sin amháin. Níor tháinig aon athrú ar an measúnú ar an gcéim sin ó glacadh an Cinneadh sin.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 8.12

Ainm na céime: Glacadh leasuithe ar an rún maidir le hainmniú na hinstitiúide náisiúnta aonair um méadreolaíocht

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 5. Reachtaíocht agus caighdeáin a chomhchuibhiú leis an Aontas Eorpach

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 8.12 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Leasuithe ar rún Uimh. 330 ó Chomh-Aireacht na nAirí an 27 Bealtaine 2015 a ghlacadh maidir le hinstitiúid náisiúnta aonair um méadreolaíocht a ainmniú t- Fiontar Stáit "Ionad Eolaíochta agus Táirgthe Uile-Úcránach um Chaighdeánú, Méadreolaíocht, Deimhniú agus Cosaint Tomhaltóirí" (SE "Ukrmetrteststandard", Cív).'

Is í Céim 8.12 an tríú céim agus an chéim dheireanach i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 de Chaibidil 8 (timpeallacht ghnó). Roimhe sin bhí Céim 8.7 ann maidir le glacadh an rúin chun bearta faireachais margaidh a atosú agus táirgí neamhbhia a rialú (R4 2024) agus Céim 8.8 a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe a ghlacadh le haghaidh trí ghrúpa táirgí tionsclaíocha (R3 2025).

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Rún Uimh. 1055 ó Chomh-Aireacht na nAirí 'maidir le Leasuithe ar mhír 1 de Rún Uimh. 330 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 27 Bealtaine 2015', dar dáta an 19 Lúnasa 2026.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 8.12.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 5 de Chaibidil 8 (timpeallacht ghnó) bearta faireachais margaidh a atosú agus glacadh noirm agus chaighdeáin an Aontais san Úcráin a éascú, go háirithe i réimsí na dtáirgí tionsclaíocha.

Le glacadh Rún 1055, deonaítear stádas institiúide méadreolaíochta náisiúnta go heisiach don Fhiontar Stáit 'Ionad Eolaíochta agus Táirgthe Stáit na hÚcráine um Chaighdeánú, Méadreolaíocht, Deimhniú agus Cosaint Tomhaltóirí'.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 9.7

Ainm na céime: Leithdháileadh méid atá coibhéiseach le 5 % ar a laghad den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha fhoriomlán chun freastal ar riachtanais na n-údarás fonáisiúnta maidir le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Infheistíocht 1. Infheistíochtaí le haghaidh riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe údaráis fhonáisiúnta na hÚcráine

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 9.7 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Tuarascáil eatramhach lena léirítear go ndearnadh méid atá coibhéiseach le 5 % ar a laghad den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha faoi Cholún I a leithdháileadh ar riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe údaráis fonáisiúnta na hÚcráine, go háirithe an féinrialtas áitiúil.'

Is í Céim 9.7 an chéad chéim i gcur chun feidhme Infheistíocht 1 de Chaibidil 9. Ina dhiaidh sin tá Céim 9.8 ann, lena n-éilítear leithdháileadh 20 % ar a laghad den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha fhoriomlán chun freastal ar riachtanais na n-údarás fonáisiúnta maidir le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú (atá dlite faoi R3 2027).

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Foirmeacha tuairiscithe maidir le 'Faisnéis maidir le Cur Chun Feidhme Táscairí Aistrithe Idir-Rialtasacha (Deontais agus Fóirdheontais Eile) ó Bhuiséad Stáit na hÚcráine go Buiséid Áitiúla' le haghaidh 2024 agus 2025, arna gcur isteach mar fhianaise thacaíochta le haghaidh Chéimeanna 7.12 agus 7.14;

(3) Liosta na dtionscadal agus na gclár buiséid a maoiníodh in 2024–2025 agus a tuairiscíodh a bheith ag rannchuidiú le Céim 9.7, lena n-áirítear méideanna maoiniúcháin iarbhír in UAH agus EUR.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 9.7.

Is é is cuspóir d'Infheistíocht 1 de Chaibidil 9 (dílárú agus beartas réigiúnach) tacú le riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe údaráis fhonáisiúnta na hÚcráine, go háirithe an féinrialtas áitiúil.

Le Céim 9.7 éilítear tuarascáil eatramhach lena léirítear gur leithdháileadh coibhéis 5 % ar a laghad den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha faoi Cholún I chun na gcríoch sin le haghaidh 2024 agus 2025. Ar bhonn an EUR 5,27 billiún i dtacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha faoi Cholún I, is é EUR 263,5 milliún an t-íosmhéid a chomhfhreagraíonn don cheanglas 5 %.

Léiríonn an fhianaise a chuir údaráis na hÚcráine isteach gur soláthraíodh maoiniú a rannchuidíonn le Céim 9.7 trí thrí shásra le linn 2024-2025.

Ar an gcéad dul síos, le haistrithe idirbhuiséadacha ó bhuiséad an Stáit chuig buiséid réigiúnacha agus áitiúla maoiníodh infheistíochtaí i mbonneagar oideachais agus cúraim sláinte. Cumhdaíodh leo sin, *inter alia*, Scoil Nua na hÚcráine, busanna scoile, córais cosanta dóiteáin, struchtúir agus foscadáin cosanta sibhialta, nuachóiriú ceaintíní scoile, bonneagar gairmoideachais, dálaí sábháilte i saoráidí cúraim sláinte agus tionscadail infheistíochta poiblí in earnáil an chúraim sláinte. Is é a bhí sa mhaoiniú iarbhír tríd an sásra sin UAH 5,39 billiún (EUR 124 mhilliún) in 2024 agus UAH 13,16 billiún (EUR 281 mhilliún) in 2025, a chomhfhreagraíonn do UAH 18,55 billiún (EUR 405,1 mhilliún) san iomlán.

Ar an dara dul síos, soláthraíodh maoiniú go díreach do thionscadail infheistíochta poiblí a cuireadh chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear tionscadail athshlánaithe agus bonneagair cúraim sláinte agus infheistíochtaí in athléimneacht na Lárionad réigiúnach um Ghalair a Rialú agus a Chosc, amhail deisiúcháin, bonneagar soláthair uisce agus córais téimh uathrialacha. Is é a bhí sa mhaoiniú faoin sásra sin UAH 117,42 milliún (EUR 2,70 milliún) in 2024 agus UAH 358,35 milliún (EUR 7,66 milliún) in 2025, a chomhfhreagraíonn do UAH 475,77 milliún (EUR 10,4 milliún) san iomlán.

Ar an tríú dul síos, soláthraíodh trealamh leighis go lárnach agus dáileadh é ina dhiaidh sin ar institiúidí cúraim sláinte sna réigiúin ar bhonn riachtanais agus iarrataí sainaitheanta. UAH 896,50 milliún (EUR 20,63 milliún) in 2024 agus UAH 711,07 milliún (EUR 15,2 milliún) in 2025, a chomhfhreagraíonn do UAH 1,61 billiún (EUR 35,8 milliún) san iomlán, a bhí i luach an trealaimh a maoiníodh faoin sásra sin. Cé go ndearnadh soláthar go lárnach, díríodh an trealamh ar bhonneagar cúraim sláinte sna réigiúin agus tugadh aghaidh ar riachtanais shainaitheanta fhonáisiúnta téarnaimh, atógála agus nuachóirithe. Dá bhrí sin, is féidir é a chur san áireamh chun críocha Chéim 9.7.

I dteannta a chéile, mar thoradh ar na trí shásra, maoiníodh UAH 6,40 billiún (EUR 147 milliún) in 2024 agus UAH 14,22 billiún (EUR 304,4 milliún) in 2025. Dá bhrí sin, thart ar UAH 20,63 billiún (EUR 451 mhilliún) a bhí sa mhaoiniú iomlán a rannchuidigh le riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe údaráis fhonáisiúnta na hÚcráine in 2024-2025.

Sainaithnítear san fhianaise thacaíochta na cláir bhuiséid, na réimsí infheistíochta, na tionscadail agus na tairbhithe ábhartha. Léirítear léi gur díríodh an maoiniú ar infheistíochtaí a fhreastalaíonn ar riachtanais réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear féinrialtas áitiúil.

Measann an Coimisiún go dtagann an caiteachas a chumhdaítear leis na trí shásra faoi raon feidhme an téarnaimh, na hatógála agus an nuachóirithe chun críocha Chéim 9.7, toisc go dtacaíonn sé le tógáil, atógáil, athshlánú, nuachóiriú, feistiú agus athléimneacht an bhonneagair phoiblí agus na seirbhísí poiblí ar an leibhéal fonáisiúnta.

Baineann an fhianaise le maoiniú iarbhír agus le forghníomhú an bhuiséid seachas le leithdháiltí buiséadacha amháin agus, dá bhrí sin, léiríonn sí go ndearnadh an leithdháileadh íosta a cheanglaítear faoi Chéim 9.7.

Comhfhreagraíonn an EUR 451 mhilliún a thuairiscítear faoi na trí shásra do thart ar 8,6 % den EUR 5,27 billiún i dtacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha faoi Cholún I. Dá bhrí sin, sáraíonn sé an ceanglas 5 %, a chomhfhreagraíonn do EUR 263,5 milliún, le thart ar EUR 187,8 milliún, nó 3,6 pointe céatadáin.

Ar bhonn na fianaise a soláthraíodh, measann an Coimisiún gur comhlíonadh ceanglas Chéim 9.7 go sásúil. Tá EUR 451 mhilliún sna leithdháiltí doiciméadaithe, rud a chomhfhreagraíonn do thart ar 8,6 % den EUR 5,27 billiún i dtacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha faoi Cholún I agus, dá bhrí sin, sáraíonn sé an tairseach 5 % is gá de EUR 263,5 milliún.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 10.3

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le feabhas a chur ar nósanna imeachta ceadúcháin le haghaidh infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Creat rialála feabhsaithe chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus chun oibriú cobhsaí an chórais fuinnimh a áirithiú
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 10.3 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis na nósanna imeachta ceadúcháin le haghaidh infheistíochtaí in-athnuaite a ghiorrú i gcomhréir le rialacha an Aontais arna dtrasuí sa Chomhphobal Fuinnimh mar Mholadh 2024/1/MC-EnC ón gComhairle Aireachta an 11 Nollaig 2024 maidir le dlús a chur le himscaradh tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus cur chun feidhme bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh ("Moladh 2024/1/MC-EnC").'* Is í Céim 10.3 an tríú céim agus an chéim dheireanach d'Athchóiriú 2. Roimhe sin bhí Céim 10.2 ann lenar éilíodh creat fuinnimh in-athnuaite margadhbhunaithe a thabhairt isteach i gcomhréir le rialacha an Aontais agus Céim 10.4 maidir le treochlár a fhormheas chun an formhuirear fuinnimh in-athnuaite a dheighilt ón taraif tharchuir.
An fhianaise a soláthraíodh (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; (2) Cóip de Dhlí Uimh. 4963-IX an 2 Meán Fómhair 2026.
Anailís Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 10.3. Is é cuspóir foriomlán an athchóirithe seo sciar an fhuinnimh in-athnuaite i meascán fuinnimh na hÚcráine a mhéadú trí nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite a shimpliú agus a ghiorrú.

Chun an chéim sin a chomhlíonadh, glacadh Dlí Uimh. 4963-IX an 2 Meán Fómhair 2026. Le Dlí Uimh. 4963-IX/2026 déantar nósanna imeachta ceadúcháin le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú agus a ghiorrú, i gcomhréir le Moladh 2024/1/MC-EnC ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh an 11 Nollaig 2024, lena moltar don Úcráin na réamhchoinníollacha dlíthiúla agus institiúideacha a ullmhú chun Airteagail 15b, 15c, 15d, 15e, 16, 16a, 16b, 16c, 16d, 16e agus 16f de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (dá ngairtear 'Treoir RED' ina dhiaidh seo), arna leasú le Treoir (AE) 2023/2413, a chur chun feidhme. Le Dlí Uimh. 4963-IX an 2 Meán Fómhair 2026, déantar na forálacha thuas uile a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta, trí leasú a dhéanamh ar Dhlí Uimh. 555-IV an 24 Márta 2003 'maidir le Foinsí Malartacha Fuinnimh'. Go sonrach:

— Le hAirteagal 9^{9}*nonies* nua de Dhlí Uimh. 555-IV an 24 Márta 2003, trasuitear Airteagal 15b de Threoir RED, lena gceanglaítear ar an údarás feidhmiúcháin lárnach atá freagrach as beartas an stáit san earnáil leictreachais a fhoirmliú agus a chur chun feidhme cleachtadh mapála comhordaithe a dhéanamh chun an acmhainneacht intíre agus na limistéir atá ar fáil a shainaithint chun saoráidí fuinnimh in-athnuaite agus an bonneagar a bhaineann leo a shuiteáil, ar limistéir iad atá riachtanach chun sprioc an Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus an rannchuidiú náisiúnta le cuspóirí an Chomhphobail Fuinnimh a bhaint amach.

— Le hAirteagal 9^{10} nua de Dhlí Uimh. 555-IV an 24 Márta 2003, trasuíodh sa reachtaíocht náisiúnta Airteagail 15c agus 15d de Threoir RED, lena gceanglaítear ar Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine, agus an cleachtadh mapála thuas á chur san áireamh, plean amháin nó níos mó a fhormheas lena sainaithnítear, le haghaidh cineál amháin nó níos mó foinsí fuinnimh in-athnuaite, limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite, i.e. limistéir ina gcuirfear dlús le nósanna imeachta ceadúcháin agus ina simpleofar iad. Beidh na pleananna faoi réir measúnú straitéiseach comhshaoil agus áireofar leo na bearta maolaitheacha is gá chun damáiste don chomhshaol a laghdú agus/nó a chosc. I gcomhréir le hAirteagal 9 de Dhlí Uimh. 2354-VIII an 20 Márta 2018 maidir le measúnú straitéiseach comhshaoil, is staid shainordaitheach den phróiseas measúnaithe straitéisigh comhshaoil é an comhairliúchán poiblí. Foilseofar na pleananna freisin ar Thairseach Ghréasáin Aontaithe an Stáit um Shonraí Oscailte agus déanfar athbhreithniú tréimhsiúil orthu, go háirithe agus athbhreithniú agus nuashonrú á dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide.

— Airteagail 14^{2} agus 14^{10} nua de Dhlí Uimh. 555-IV an 24 Márta 2003 arna dtrasuí sa reachtaíocht náisiúnta in Airteagail 16 agus 16f de Threoir RED, lena sainítear príomhphrionsabail na nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus lena leagtar amach prionsabal leas poiblí sáraitheach na dtionscadal fuinnimh.

— Airteagail 14^{5} agus 14^{6} nua de Dhlí Uimh. 555-IV an 24 Márta 2003 arna dtrasuí sa reachtaíocht náisiúnta in Airteagail 16a agus 16b de Threoir RED, lena leagtar amach sprioc-amanna chun nósanna imeachta ceadúcháin a thabhairt chun críche le haghaidh tionscadail atá lonnaithe laistigh de limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus lasmuigh díobh, i gcomhréir le Treoir RED agus lena simplítear nósanna imeachta ceadúcháin le haghaidh tionscadail atá lonnaithe i limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite.

— Airteagail 14^{7}, 14^{8} agus 14^{9} nua de Dhlí Uimh. 555-IV an 24 Márta 2003 arna dtrasuí sa reachtaíocht náisiúnta in Airteagail 16c, 16d agus 16e de Threoir RED, lena leagtar amach rialacha sonracha maidir le tionscadail athchumhachtaithe, maidir le trealamh grianfhuinnimh agus teaschaidéil a shuiteáil.

Tháinig Dlí Uimh. 4963-IX an 2 Meán Fómhair 2026 i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2026, i.e. an lá tar éis dháta a fhoilsithe in Iris Oifigiúil Uimh. 190 an 30 Meán Fómhair 2026.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 10.19

Ainm na céime: Ullmhú na dTéarmaí Tagartha le haghaidh iniúchadh tríú páirtí ar an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais maidir le sláine agus stóinseacht a phróiseas airgeadais agus cinnteoireachta

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 5. Neamhspleáchas an Choimisiúin Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais a áirithiú

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 10.19 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Ullmhú na dTéarmaí Tagartha le haghaidh iniúchadh tríú páirtí ar an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais maidir le sláine agus stóinseacht a phróiseas airgeadais, rialachais agus cinnteoireachta, lena n-áirítear i bhfianaise na n-ábhair imní le déanaí maidir le sláine agus forbairtí atá déanta in earnáil an fhuinnimh. Leis na téarmaí tagartha, ba cheart díriú ar an méid seo a leanas:

— *measúnú ar an bPróiseas Cinnteoireachta, lena n-áirítear nósanna imeachta formheasa inmheánacha, inrianaitheacht, caighdeáin doiciméadachta agus coimircí lena n-áirithítear sláine agus trédhearcacht cinntí rialála*

— *measúnú ar na Cleachtais Eiticiúla, lena n-áirítear coinbhleacht leasa a chosc, dearbhuithe leasanna, nósanna imeachta um scaoileadh agus sásraí cuntasachta is infheidhme maidir le Coimisinéirí, an lucht bainistíochta agus an fhoireann*

— *measúnú ar an gClár in aghaidh an Éillithe agus ar shásraí comhlíontachta inmheánacha, lena n-áirítear sainaithint leochaileachtaí institiúideacha agus rioscaí ionracais.*

— *measúnú ar phróisis chinnteoireachta airgeadais, leithdháileadh agus bainistiú acmhainní airgeadais, agus sásraí rialaithe inmheánaigh gaolmhara, lena n-áirítear trédhearcacht, inrianaitheacht, cuntasacht agus coimircí in aghaidh mí-úsáide nó tionchar míchuí*

— *measúnú ar an mBeartas Cumarsáide, lena n-áirítear idirghníomhaíocht le rialtóirí an Aontais/an Chomhphobail Fuinnimh, le rannpháirtithe sa mhargadh agus le húdaráis phoiblí eile de chuid na hÚcráine, agus sásraí chun trédhearcacht, comhsheasmhacht agus cóir chomhionann a áirithiú*

— *measúnú ar an gComhpháirt Airgeadais, lena n-áirítear Buiséadú, soláthar, rialuithe inmheánacha agus nósanna imeachta tuairiscithe*

Cinnfear leis na téarmaí tagartha módúlachtaí mionsonraithe, uainiú agus costas iniúchta den sórt sin. Beidh dréacht-téarmaí tagartha roinnte le liosta de sholáthraithe seirbhíse ionchasacha.

Beidh an t-iniúchadh institiúideach, dírithe ar chórais, agus ní dhéanfar imscrúduithe leanúnacha ná inniúlachtaí na n-údarás forfheidhmithe dlí a dhúbláil ná ní chuirfear isteach orthu leis.'

Is é Céim 10.19 an tríú céim d'Athchóiriú 5. Roimhe sin bhí Céim 10.10 ann, lenar éilíodh cinntí rialála an Choimisiúin Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais (NEURC) a dhíolmhú ó chlárú stáit agus Céim 10.11, lena ndéantar foráil maidir le sonraíocht stádas speisialta NEURC. Ina dhiaidh sin tá Céim 10.20 ann, lena n-éilítear iniúchadh tríú páirtí ar NEURC a chur i gcrích. Tá Céim 10.11 fós gan comhlíonadh ó R2 2026.

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Nasc chuig glao ar thairiscintí Uimh. 020828 a sheol an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) an 10 Lúnasa 2026;

(3) Cóip de Théarmaí Tagartha (ToR) chun measúnú a dhéanamh ar chleachtais eagraíochtúla agus ionracais NEURC.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 10.19.

Is é is cuspóir don athchóiriú seo neamhspleáchas an rialtóra fuinnimh a neartú agus feidhmiú agus forbairt éifeachtach na margaí in earnálacha an fhuinnimh agus na bhfóntas a áirithiú. Chun an chéim a chomhlíonadh, d'ullmhaigh NEURC na Téarmaí Tagartha don iniúchadh tríú páirtí, i ndlúthchomhar le BEAF. Áiríodh na téarmaí tagartha deiridh a glacadh i nglao ar thairiscintí Uimh. 020828 a sheol BEAF an 10 Lúnasa 2026 chun an sainchomhairleoir a roghnú. Tá na téarmaí tagartha ailínithe le coinníollachtaí an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle. Go háirithe, déantar an méid seo a leanas leis na téarmaí tagartha:

— raon feidhme an iniúchta a shoiléiriú, is é sin, measúnú oibiachtúil, fianaise-bhunaithe a sholáthar ar shláine agus stóinseacht phróisis inmheánacha agus chleachtais rialachais NEURC, láidreachtaí, rioscaí agus bearnaí i sásraí ionracais agus cuntasachta a shainaithint agus moltaí praiticiúla inghníomhaithe a sholáthar atá ailínithe le dea-chleachtas an Aontais agus le caighdeáin rialála idirnáisiúnta.

— Ceanglaítear leis na téarmaí tagartha go ndéanfar measúnú ar chúig phríomhréimse de chreat rialachais agus sláine NEURC, lena gcumhdaítear gach fothacar coinníollachta a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, is iad sin:

  — Próisis Chinnteoireachta: meastóireacht a dhéanamh ar shláine agus stóinseacht na bpróiseas cinnteoireachta a mhéid a bhaineann le cinntí rialála agus réimsí a shainaithint ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh chun acmhainneacht institiúideach, athléimneacht agus ailíniú NEURC le dea-chleachtas Eorpach agus idirnáisiúnta a neartú, lena n-áirítear *acquis* an Aontais. Déanfar measúnú leis an iniúchadh freisin ar éifeachtacht na gcoimircí atá ann cheana chun sláine agus trédhearcacht, caighdeáin doiciméadachta, chomh maith le nósanna imeachta formheasa inmheánacha agus a n-inrianaitheacht a áirithiú.

  — Cleachtais Eiticiúla: measúnú a dhéanamh ar chaighdeáin eiticiúla NEURC agus ar a gcur chun feidhme éifeachtach. Áireofar leis an measúnú (i measc nithe eile) athbhreithniú ar chóid eitice/iompair agus beartais inmheánacha atá ann cheana, struchtúir inmheánacha a bheith ann chun comhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta sin a áirithiú, meastóireacht ar bheartais coinbhleachta leasa agus ar chleachtais nochta, lena n-áirítear dearbhuithe leasa agus nósanna imeachta um scaoileadh.

— Clár in aghaidh an Éillithe: meastóireacht a dhéanamh ar dhearadh agus ar éifeachtacht bhearta NEURC in aghaidh an éillithe, lena n-áirítear leochaileachtaí institiúideacha agus rioscaí ionracais a shainaithint.

— Beartas Cumarsáide: measúnú a dhéanamh ar chleachtais chumarsáide, lena n-áirítear idirghníomhaíocht le rialtóirí Aontais/an Chomhphobail Fuinnimh, rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis phoiblí eile na hÚcráine agus sásraí chun trédhearcacht, comhsheasmhacht agus cóir chomhionann na bpáirtithe leasmhara ábhartha a áirithiú;

— Comhpháirt Airgeadais (Cinnteoireacht, Buiséadú agus Tuairisciú): measúnú a dhéanamh ar rialachas airgeadais agus cinnteoireacht, próisis bhuiséadaithe agus cleachtais tuairiscithe NEURC. Déanfar meastóireacht leis an measúnú freisin ar thionchar na gceanglas formheasa seachtrach ag Aireacht Airgeadais na hÚcráine agus ag Coiste Buiséid Pharlaimint na hÚcráine; anailís a dhéanamh ar leithdháileadh agus úsáid cistí; measúnú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha agus ar shásraí formhaoirseachta airgeadais, lena n-áirítear in aghaidh mí-úsáide agus tionchar míchuí agus a n-éifeachtachta.

— Áirítear leis na téarmaí tagartha tuairisc ar mhódúlachtaí cur chun feidhme, amlíne agus costas táscach an iniúchta (Ranna B, C, D, E, F) agus sonraítear leo go mbeidh an t-iniúchadh de chineál **institiúideach agus dírithe ar chórais** agus nach ndéanfaidh sé imscrúduithe leanúnacha ná inniúlachtaí na n-údarás forfheidhmithe dlí a dhúbailt ná nach gcuirfidh sé isteach orthu.

— Ar deireadh, seoladh comórtas oscailte chun an t-iniúchóir a roghnú, rud a d'áirithigh go mbeidh rochtain ag iolracht soláthraithe seirbhíse ar na téarmaí tagartha.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 12.9

Ainm na céime: Infheistíochtaí dar luach EUR 30 milliún ar a laghad i ndímhianú talún talmhaíochta

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Infheistíocht 1. Infheistíochtaí sa dímhianú

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 12.9 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Tuarascáil eatramhach ón Rialtas (nó tuarascáil ón Státchiste) ina léireofar gur bhuiséadaigh an Rialtas ginearálta i mBuiséid an Stáit le haghaidh 2024 agus 2025 EUR 30 milliún ar a laghad (i gcoibhéis UAH) chun talamh talmhaíochta a dhímhianú.'

Is í Céim 12.9 an chéad cheann den dá chéim i gcur chun feidhme Infheistíocht 1 de Chaibidil 12 (an earnáil agraibhia). Ina dhiaidh sin tá Céim 12.10 ann (atá dlite ar R3 2027) maidir le hinfheistíochtaí EUR 100 milliún ar a laghad i ndímhianú talún talmhaíochta.

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Rún Uimh. 284 ó Chomh-Aireacht na nAirí an 12 Márta 2024 'Nós imeachta um úsáid cistí a sholáthraítear i mbuiséad an stáit le haghaidh dímhianú daonnúil';

(3) Cóip d'Ordú Uimh. 11242 ón Aireacht Geilleagair an 2 Bealtaine 2024 lena bhformheastar pas chlár buiséadach 1201420 le haghaidh 2024;

(4) Cóip d'Ordú Uimh. 1186 ón Aireacht Geilleagair an 13 Feabhra 2025 lena bhformheastar pas chlár buiséadach 1201420 le haghaidh 2025;

(5) Cóip den Tuarascáil maidir le cur chun feidhme chlár buiséadach 1201420 le haghaidh 2024;

(6) Cóip den Tuarascáil maidir le cur chun feidhme chlár buiséadach 1201420 le haghaidh 2025;

(7) Cóip de thuarascáil an Státchiste maidir le clár buiséadach 1201420 le haghaidh 2024 agus 2025;

(8) Cóip de liosta conarthaí chun Céim 12.9 a chur chun feidhme.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 12.9.

Is é cuspóir foriomlán na hinfheistíochta sin tacú le húinéirí nó le húsáideoirí talún talmhaíochta a bhfuil iarrachtaí dímhianaithe á ndéanamh acu.

Léiríonn an fhianaise a soláthraíodh gur áiríodh i mBuiséid an Stáit le haghaidh 2024 agus 2025 clár buiséid 1201420 '*Cúiteamh as speansais a bhaineann le dímhianú daonnúil talún talmhaíochta*'. Le Rún 284 an 12 Márta 2024, bunaíodh na nósanna imeachta riaracháin chun an clár a chur chun feidhme, lena n-áirítear na critéir incháilitheachta agus na socruithe cur chun feidhme agus cuirtear teorainn leis an tacaíocht do dhímhianú talún talmhaíochta. Rinneadh leasuithe ar an Rún in 2025 agus 2026 chun éifeachtúlacht chur chun feidhme an chláir a mhéadú.

Thuairiscigh údaráis na hÚcráine caiteachas iomlán UAH 1 583 mhilliún (EUR 34,4 milliún) faoin gclár in 2024 agus 2025, a leithdháileadh ar fud 120 conradh. Is éard atá san fhigiúr sin:

— In 2024, leithdháileadh UAH 356 mhilliún (EUR 8,2 milliún) san iomlán i gcaiteachas ar 17 gconradh,

— In 2025, leithdháileadh UAH 1 227 milliún (EUR 26,2 milliún) san iomlán ar chaiteachas ar fud 103 chonradh.

Cuireadh 101 de na conarthaí sin, lenar bhain caiteachas UAH 1 182 milliún (EUR 25,8 milliún), i gcrích tráth an tuairiscithe, ach tá 19 gconradh dar luach UAH 401 mhilliún (EUR 8,6 milliún) fós á gcur chun feidhme.

I dteannta a chéile, faoi na conarthaí a cuireadh i gcrích agus atá á gcur chun feidhme ó 2024 agus 2025, tá EUR 34,4 milliún iontu atá geallta lena chaitheamh ar dhímhianú talún talmhaíochta. Sáraíonn sé sin an sprioc íosta EUR 30 milliún agus comhfhreagraíonn sé do thart ar 115 % den sprioc. Dá bhrí sin, comhlíontar ceanglas cainníochtúil na céime.

Tacaíonn an clár le gníomhaíochtaí feirmeoirí chun talamh talmhaíochta a dhímhianú. Thuairiscigh údaráis na hÚcráine 120 conradh agus 87 dtairbhí uathúla (úinéirí agus úsáideoirí talún talmhaíochta). Cumhdaítear leis na conarthaí glanadh 20 789,7 heicteár san iomlán de thalamh talmhaíochta, a raibh 17 338 heicteár de sin glanta go rathúil cheana féin faoi thráth an tuairiscithe.

Ar an mbonn sin, léiríonn an fhianaise a soláthraíodh gur comhlíonadh ceanglais Chéim 12.9.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 14.4

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí maidir le feidhmiú an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite, i gcomhréir le prionsabail Rialachán (AE) 2024/1183

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Digiteáil na seirbhísí poiblí

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 14.4 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Teacht i bhfeidhm gnímh dlí maidir le feidhmiú an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite san Úcráin mar phríomhghné den bhonneagar ríomh-shainaitheantais náisiúnta, i gcomhréir le prionsabail Rialachán (AE) 2024/1183. Leis an ngníomh dlí dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:

— *córas ríomh-shainaitheantais nua-aimseartha a bhunú san Úcráin agus a áirithiú go ndéantar forbairt inbhuanaithe air;*

— *idir-inoibritheacht (comhoiriúnacht theicneolaíoch) modhanna ríomh-shainaitheantais, nód ríomh-shainaitheantais idirmheánach (moil) agus scéimeanna ríomh-shainaitheantais a áirithiú;*

— *acmhainní faisnéise arna bpróiseáil sa chóras a chosaint.'*

Is é céim 14.4 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 de Chaibidil 14 (claochlú digiteach). Rinneadh measúnú dearfach ar Chéim 14.3 maidir le glacadh an Phlean Gníomhaíochta um dhigiteáil seirbhísí poiblí go dtí 2026 mar chuid den cheathrú tráthchuid (R1 2025).

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Rún Uimh. 1150 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Samhain 2023 'maidir le formheas Rialacháin an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite';

(3) Cóip de Rún Uimh. 689 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 11 Meitheamh 2025 'maidir le formheas ceanglas le haghaidh eisiúint tiachóg a bhfuil sainaithint dhigiteach acu';

(4) Cóip de Rún Uimh. 1400 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 24 Deireadh Fómhair 2025 'maidir le Roinnt Saincheisteanna i ndáil le Cur Chun Feidhme Tionscadail Thurgnamhaigh i ndáil le Foirmiú agus Úsáid Sonraí Ríomh-Shainaitheantais agus Deimhnithe Leictreonacha Saintréithe a úsáideann Tiachóg a bhfuil Sainaithint Dhigiteach acu mar Ghné Fheidhmiúil den Fheidhmchlár Soghluaiste Diia'.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 14.4.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 an idirghníomhaíocht idir an stát agus na saoránaigh a shimpliú trí bhíthin an digitithe.

Is éard atá sa chreat dlíthiúil chun an chéim sin a chomhlíonadh roinnt Rún ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine. Is é Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1150 an gníomh dlí bunúsach lena mbunaítear bonneagar ríomh-shainaitheantais nua-aimseartha san Úcráin. Is iad Rún Uimh. 689 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine agus Rún Uimh. 1400 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine na gníomhartha dlí ábhartha agus tá siad i gcomhréir le prionsabail Rialachán (AE) 2024/1183.

Le Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 689 leagtar síos na coinníollacha feidhmiúla, teicniúla agus teicneolaíocha maidir le tiachóga sainaitheantais dhigitigh a eisiúint, agus le Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1400 tacaítear le forbairt bhreise an chórais trí thionscadal turgnamhach agus tríd an bhFeidhmchlár Soghluaiste Diia.

Thairis sin, dírítear sna gníomhartha dlí ar idir-inoibritheacht (comhoiriúnacht theicneolaíoch) modhanna ríomh-shainaitheantais, nód ríomh-shainaitheantais idirmheánach (moil) agus scéimeanna ríomh-shainaitheantais a áirithiú trína cheangal ar thiachóga tacú le prótacail choiteanna agus comhéadain choiteanna chun sonraí céannachta a fhoirmiú, a mhalartú agus a chur i láthair. Níos tábhachtaí fós, dírítear sna rúin ar aitheantas a thabhairt do thiachóga Eorpacha céannachta digití agus do dheimhnithe leictreonacha áirithe le haghaidh úsáid trasteorann.

Ar deireadh, dírítear leis na rúin ar acmhainní faisnéise a phróiseáiltear sa chóras a chosaint trí choimircí áirithe a leathnú chuig tiachóga sainaitheantais dhigitigh, go háirithe trí cheanglais maidir le sonraí pearsanta a dheighilt agus a tharraingt siar i gcás sáruithe slándála. Áirítear leis na coimircí sin rialú rochtana, faireachán slándála, cosaint líonra agus rúndacht agus sláine agus infhaighteacht faisnéise.

Mar chuid de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1204 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2026 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an seachtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, cuireadh an chéim sin san áireamh mar thoisc mhaolaitheach, i gcomhréir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine, chun críocha chur i bhfeidhm an Chinnidh sin agus chun na gcríoch sin amháin. Níor tháinig aon athrú ar an measúnú ar an gcéim sin ó glacadh an Cinneadh sin.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 15.8

Ainm na céime: Glacadh na Straitéise um chur chun feidhme phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus an Phlean Gníomhaíochta a ghabhann léi
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 5. Geilleagar ciorclach méadaithe
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 15.8 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Glacadh na straitéise chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus plean gníomhaíochta a chur chun feidhme ionas go gcuirfidh Comh-Aireacht Airí na hÚcráine an straitéis sin chun feidhme. Sainaithnítear sa straitéis na deiseanna agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an aistriú chuig geilleagar ciorclach san Úcráin le haghaidh 5-10 n-earnáil tosaíochta agus slabhra luacha réamhroghnaithe, amhail dramhaíl, teicstílí, plaistigh, ceallraí, leictreonaic, talmhaíocht, tógáil agus deisiú, agus miotail agus mianraí.'* Is é Céim 15.8 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 faoi Chaibidil 15 (an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil). Roimhe sin bhí Céim 15.9 ann maidir le glacadh na Straitéise chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus a Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme.
An fhianaise a soláthraíodh (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; (2) Cóip den Straitéis chun Geilleagar Ciorclach na hÚcráine a Fhorbairt arna formheas le hOrdú Uimh. 934-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 17 Meán Fómhair 2026; (3) Cóip den Phlean Gníomhaíochta maidir le Straitéis Forbartha Geilleagair Chiorclaigh na hÚcráine a chur chun feidhme arna fhormheas le hOrdú Uimh. 934-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 17 Meán Fómhair 2026; (4) Nasc chuig an straitéis fhoilsithe: https://www.kmu.gov.ua/npas/pro-skhvalennia-stratehii-rozvytku-tsyrkuliarnoi-ekonomiky-ukrainy-na-period-do-2035-roku-ta-zatverdzhennia-operatsiinoho-planu-zakhodiv-z-ii-realizatsii-u-20262028-rokakh-934-170926.
Anailís Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 15.8. Is é is cuspóir d'Athchóiriú 5 prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus an bhainistithe dramhaíola a chur chun feidhme. Sainaithnítear leis an Straitéis seacht n-earnáil tosaíochta don aistriú chuig geilleagar ciorclach: talmhaíocht; táirgeadh agus dáileadh bia; tógáil; teicstílí; trealamh leictreach agus leictreonach; mianadóireacht agus cairéalú; agus miotalóireacht. Tugtar aghaidh léi freisin ar shlabhraí luacha trasearnálacha, go háirithe plaistigh, pacáistíocht agus ceallraí, ina a bhfuil tábhacht ar leith ag baint le húsáid acmhainní, giniúint dramhaíola agus acmhainneacht athúsáide, aisghabhála agus athchúrsála. Is é an cuspóir uileghabhálach samhail eacnamaíoch atá ciorclach agus tíosach ar acmhainní a bhunú san Úcráin faoi 2035, lena laghdófar úsáid acmhainní príomhúla agus giniúint dramhaíola agus athúsáid, deisiú, aisghabháil agus athchúrsáil á gcur chun cinn san am céanna. Féachtar leis an Straitéis rannchuidiú le hatógáil inbhuanaithe na hÚcráine agus lena comhtháthú i margadh inmheánach an Aontais trí ailíniú le reachtaíocht agus caighdeáin an Aontais. Is é an toradh atá beartaithe samhlacha gnó ciorclacha inbhuanaithe, margaí amhábhar tánaisteach agus slabhraí luacha lúbiata a fhorbairt, agus creat rialála agus institiúideach éifeachtach atá ailínithe leis an Aontas mar bhonn taca leo.
Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

CÉIM 15.11

Ainm na céime: Glacadh leasuithe ar an Nós Imeachta um Fhaireachán ar Uisce Stáit

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 4. Athchóiriú agus caomhnú acmhainní nádúrtha

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 15.11 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Glacadh leasuithe ar Rún an 19 Meán Fómhair 2018 Uimh. 758 maidir leis an Nós Imeachta um Fhaireachán ar Uisce Stáit i gcomhréir le prionsabail Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce agus Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.'

Is í Céim 15.11 an chéad cheann de dhá chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 4 de Chaibidil 15 (an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil). Ina dhiaidh sin tá Céim 15.7 ann maidir le teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a laghdú (atá dlite faoi R4 2026).

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip de Rún Uimh. 754 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 10 Meitheamh 2026, 'maidir le Leasuithe ar an Nós Imeachta maidir le Faireachán ar Uisce Stáit';

(3) Cóip d'Iris Oifigiúil Uimh. 125 an 16 Meitheamh 2026, ina bhfoilsítear an Rún;

(4) Nasc chuig an Rún foilsithe: Про внесення змін до Порядку здійснення державного моніторингу вод | Кабінет Міністрів України.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 15.11.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 4 dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a laghdú.

An 10 Meitheamh, ghlac an Rialtas Rún Uimh. 754 lena leasaítear an Nós Imeachta um fhaireachán ar uisce stáit (https://www.kmu.gov.ua/npas/pro-vnesennia-zmin-do-poriadku-zdiisnennia-derzhavnoho-monitorynhu-s754100626), lena n-ailínítear é leis na ceanglais sa tuairisc ar an gcéim.

Sa Rún a glacadh, tá paraiméadair an liosta faire atá ag teacht le paraiméadair Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/439 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2025 lena mbunaítear liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais i réimse an bheartais uisce de bhun Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Tiocfaidh an Rún i bhfeidhm in 2029 toisc go bhfuil an cinneadh seo nasctha leis an timthriall pleanála don dara timthriall de na Pleananna Bainistíochta Abhantraí. Feidhmíonn Pleananna Bainistíochta Abhantraí ar thimthriall pleanála leanúnach 6 bliana a shainordaítear leis an Treoir Réime Eorpach maidir le hUisce. San Úcráin, glacadh Pleananna Bainistíochta Abhantraí lena gcumhdaítear an chéad timthriall pleanála 2025-2030 ag deireadh 2024 agus tá siad á gcur chun feidhme anois. Tá Rún Uimh. 754 ón Rialtas ar cheann de na céimeanna chun ullmhú d'ailíniú breise an chórais faireacháin uisce san Úcráin le ceanglais an Aontais chun a áirithiú go dtosóidh sé d'fheidhm a bheith aige ón dara timthriall pleanála de na Pleananna Bainistíochta Abhantraí.

Mar chuid de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2230 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2026 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an ochtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin, cuireadh an chéim sin san áireamh mar thoisc mhaolaitheach, i gcomhréir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine, chun críocha chur i bhfeidhm an Chinnidh sin agus chun na gcríoch sin amháin. Níor tháinig aon athrú ar an measúnú ar an gcéim sin ó glacadh an Cinneadh sin.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Measúnú ar chomhlíonadh sásúil céime amháin sa deichiú tráthchuid a moladh mar thoisc mhaolaitheach i gcomhréir leis an modheolaíocht chun comhlíonadh páirteach na gcéimeanna i bPlean na hÚcráine a láimhseáil, chun críche a chur i bhfeidhm, agus chun na críche sin amháin

CÉIM 10.21

Ainm na céime: Iarraidh ar mhisean comhtháite seirbhíse athbhreithnithe rialála ag Cigireacht Rialála Núicléiche Stáit na hÚcráine a bheidh le déanamh ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 8. Athchóiriú na Cigireachta Rialála Núicléiche Stáit

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 10.21 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Thíolaic an Chigireacht Rialála Núicléiche Stáit iarraidh ar mhisean comhtháite seirbhíse athbhreithnithe rialála ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach le tosú sa chéad leath de 2027.'

Is í Céim 10.21 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 8 faoi Chaibidil 10 (fuinneamh).

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip den iarraidh a rinne Buanionadaíocht na hÚcráine chuig na hEagraíochtaí Idirnáisiúnta i Vín an 23 Iúil 2026 ar an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA), thar ceann Chigireacht Rialála Núicléiche Stáit na hÚcráine (SNRIU), misean den tSeirbhís Chomhtháite um Athbhreithniú Rialála (IRRS) a dhéanamh;

(3) Cóip den ríomhphost a sheol SNRIU an 29 Meán Fómhair 2026 chun iarraidh ar IAEA tús a chur le misean IRRS sa chéad leath de 2027;

(4) Cóip de threoirlínte seirbhíse IRRS 2018.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 10.21.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 8 próiseas athbhreithnithe piaraí neamhspleách idirnáisiúnta a sheoladh ar éifeachtacht, ar neamhspleáchas, ar rialachas agus ar fheidhmeanna rialála an chreata rialála náisiúnta um shábháilteacht núicléach agus radaíochta i gcoinne chaighdeáin sábháilteachta na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach. Chun an chéim a chomhlíonadh, an 23 Iúil 2026, sheol Buanionadaíocht na hÚcráine chuig na hEagraíochtaí Idirnáisiúnta i Vín, thar ceann SNRIU, iarraidh chuig IAEA misean IRRS a dhéanamh i gcomhréir le treoirlínte seirbhíse IRRS 2018. An 29 Meán Fómhair 2026, chuir SNRIU ríomhphost leantach isteach freisin inar iarradh ar IAEA machnamh a dhéanamh ar thús a chur le misean IRRS cheana féin sa chéad leath de 2027, i gcomhréir leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Measúnú ar chomhlíonadh i bpáirt cheann de chéimeanna cainníochtúla sa naoú tráthchuid a moladh mar thoisc mhaolaitheach i gcomhréir leis an modheolaíocht chun comhlíonadh páirteach na gcéimeanna i bPlean na hÚcráine a láimhseáil, chun críche a chur i bhfeidhm, agus chun na críche sin amháin

CÉIM 6.3

Ainm na céime: Ceapadh Bord Maoirseachta le haghaidh fiontair faoi úinéireacht stáit, boird ar a bhfuil tromlach ball neamhspleách

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Rialachas agus bainistiú feabhsaithe fiontar faoi úinéireacht stáit

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 6.3 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Déantar boird mhaoirseachta ina mbeidh tromlach de chomhaltaí neamhspleácha a cheapadh le haghaidh 15 fhiontar faoi úinéireacht stáit ar a laghad ó liosta na bpríomhfhiontar is tábhachtaí faoi úinéireacht stáit a formheasadh leis an gcinneadh prótacail ón gComh-Aireacht Airí. Ainmnítear comhaltaí an Bhoird maoirseachta trí bhíthin próiseas roghnúcháin iomaíoch, ar bhonn na nósanna imeachta a comhaontaíodh agus atá i bhfeidhm tráth a chuirtear tús leis an roghnú.'

Is é Céim 6.3 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 faoi Chaibidil 6 (sócmhainní poiblí a bhainistiú). Roimhe sin, bhí Céim 6.1 ann maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le rialachas corparáideach na bhfiontar faoi úinéireacht stáit. Ina dhiaidh sin, beidh Céim 6.4 ann (atá dlite in R3 2026) maidir le príomhfhiontair faoi úinéireacht stáit a chorparáidiú agus Céim 6.5 (atá dlite in R3 2027) maidir le tuarascáil a chur isteach lena léireofar go gcloítear go cuí le prionsabail an rialachais chorparáidigh.

An fhianaise a soláthraíodh

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Ordú Uimh. 817-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 30 Lúnasa 2024 maidir le roinnt saincheisteanna de Bhord Maoirseachta 'Chuideachta Fuinnimh na hÚcráine';

(3) Ordú Uimh. 99-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 26 Eanáir 2026 maidir le roinnt saincheisteanna de Bhord Maoirseachta na Cuideachta Comhstoic Náisiúnta 'Naftogaz na hÚcráine';

(4) Ordú Uimh. 678-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 7 Iúil 2025 maidir le roinnt saincheisteanna de Bhord Maoirseachta na Cuideachta Comhstoic Príobháidí 'Ukrhydroenergo';

(5) Ordú Uimh. 998-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 31 Deireadh Fómhair 2023 maidir le roinnt saincheisteanna de Bhord Maoirseachta 'Oibreoir Córais Tarchurtha Gáis na hÚcráine Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta';

(6) Ordú Uimh. 86-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 28 Eanáir 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta na Cuideachta Náisiúnta Gineadóireachta um Fhuinneamh Núicléach 'Energoatom';

(7) Ordú Uimh. 185-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 25 Feabhra 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta na Cuideachta Náisiúnta Gineadóireachta um Fhuinneamh Núicléach 'Energoatom';

(8) Ordú Uimh. 197-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 02 Márta 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta na Cuideachta Náisiúnta Comhstoic 'Naftogaz na hÚcráine';

(9) Ordú Uimh. 663-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 01 Iúil 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta na Cuideachta Náisiúnta Gineadóireachta um Fhuinneamh Núicléach 'Energoatom';

(10) Ordú Uimh. 588-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 17 Meitheamh 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta ‘Iarnród na hÚcráine’;

(11) Ordú Uimh. 1090-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 1 Deireadh Fómhair 2025 maidir le heisiúintí Bhord Maoirseachta ‘Iarnród na hÚcráine’;

(12) Ordú Uimh. 900-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 26 Lúnasa 2025 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta ‘Ukrposhta’;

(13) Ordú Uimh. 46-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 21 Eanáir 2025 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta an Fhiontair Eacnamaíoch Speisialaithe Stáit ‘Foraoisí na hÚcráine’;

(14) Ordú Uimh. 524-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 27 Bealtaine 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta an Fhiontair Eacnamaíoch Speisialaithe Stáit ‘Foraoisí na hÚcráine’;

(15) Ordú Uimh. 666-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 15 Iúil 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta an Fhiontair Eacnamaíoch Speisialaithe Stáit ‘Foraoisí na hÚcráine’;

(16) Ordú Uimh. 401-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 24 Aibreán 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta na Cuideachta Comhstoic Príobháidí ‘Ukrhydroenergo’;

(17) Ordú Uimh. 451-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 13 Bealtaine 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta na Cuideachta Príobháidí Comhstoic Náisiúnta Fuinnimh ‘Ukrenergo’;

(18) Ordú Uimh. 721-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 15 Iúil 2025 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta na Cuideachta Comhstoic Príobháidí ‘Cuideachta Loingseoireachta na Danóibe agus na hÚcráine’;

(19) Ordú Uimh. 1168-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 26 Samhain 2024 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta na Cuideachta Comhstoic Príobháidí Fuinnimh Náisiúnta ‘Ukrenergo’;

(20) Ordú Uimh. 452-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 13 Bealtaine 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta ‘Oibreoir Córais Tarchurtha Gáis na hÚcráine Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta’;

(21) Ordú Uimh. 450-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 13 Bealtaine 2026 maidir leis an bhfógra faoi roghnú iomaíoch na n-iarrthóirí do phoist chomhaltaí neamhspleácha bhord maoirseachta na cuideachta comhstoic príobháidí ‘Ukrhydroenergo’;

(22) Ordú Uimh. 587-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 17 Meitheamh 2026 maidir le foirceannadh chumhachtaí chomhaltaí bhord maoirseachta na cuideachta comhstoic príobháidí ‘Ukrhydroenergo’;

(23) Ordú Uimh. 664-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 1 Iúil 2026 maidir le saincheisteanna Bhord Maoirseachta ‘Oibreoir Córais Tarchurtha Gáis na hÚcráine Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta’;

(24) Rún Uimh. 1633 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 10 Nollaig 2025 maidir le bunú na cuideachta comhstoic ‘Ceannaitheoir ráthaithe’;

(25) Litir ó cheann Ghníomhaireacht an Stáit um Acmhainní Foraoise na hÚcráine dar dáta an 11 Feabhra 2026 maidir le foirceannadh cumhachtaí comhalta den Bhord Maoirseachta;

(26) Prótacal/Miontuairiscí Uimh. 3 an 24 Aibreán 2026 ó chruinniú ginearálta urghnách cianda scairshealbhóirí PJSC ‘Centrenergo’;

(27) Ordú Uimh. 34 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 07 Deireadh Fómhair 2026 maidir le Fógairt Roghnú Iomaíoch na nIarrthóirí do Chomhaltaí Neamhspleácha Bhord Maoirseachta ‘Meaisíní Fuinnimh na hÚcráine’;

(28) Ordú Uimh. 1254 ó Aireacht Geilleagair na hÚcráine an 09 Márta 2023 maidir le ‘roinnt saincheisteanna de bhord maoirseachta an fhiontair faoi úinéireacht stáit “Gléasra Priontála na hÚcráine” maidir le hurrúis a tháirgeadh’;

(29) Ordú Uimh. 1672 ó Aireacht Geilleagair na hÚcráine an 26 Aibreán 2023 maidir le ‘roinnt saincheisteanna de bhord maoirseachta an fhiontair faoi úinéireacht stáit “Gléasra Priontála na hÚcráine” maidir le hurrúis a tháirgeadh’;

(30) Ordú Uimh. 195-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 7 Márta 2023 maidir le formheas na n-iarrthóirí ar phoist chomhaltaí bhord maoirseachta an fhiontair stáit ‘Gléasra Priontála na “hÚcráine” maidir le hurrúis a tháirgeadh’;

(31) Ordú Uimh. 336-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 23 Aibreán 2024 maidir le formheas iarrthóireacht Rusnyak P.Yu. ar phost comhalta de bhord maoirseachta an fhiontair stáit ‘Gléasra Priontála na “hÚcráine” maidir le hurrúis a tháirgeadh’;

(32) Ordú Uimh. 1027-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 7 Deireadh Fómhair 2026 maidir le Roghnú Iomaíoch Iarrthóirí a fhógairt ag Comhaltaí Neamhspleácha Bhord Maoirseachta ‘Meaisíní Fuinnimh na hÚcráine’

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine cuid de na gnéithe bunaitheacha de Chéim 6.3.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 2 seo an t-aistriú a éascú ó fhoirm dhlíthiúil an stáit maidir le fiontar aonadach go foirmeacha atá níos dírithe ar an tráchtáil, creat rialachais níos éifeachtúla agus níos trédhearcaí a chothú d’fhiontair faoi úinéireacht stáit trí fheabhas a chur ar chaighdeáin rialachais chorparáidigh agus iad a chur chun feidhme sna fiontair is tábhachtaí faoi úinéireacht stáit. Chun an chéim a chomhlíonadh, ní mór d’údaráis na hÚcráine a áirithiú go gceapfar boird mhaoirseachta ar comhaltaí neamhspleácha iad a dtromlach le haghaidh 15 fhiontar faoi úinéireacht stáit ar a laghad ó liosta na bpríomhfhiontar is tábhachtaí faoi úinéireacht stáit a formheasadh leis an gcinneadh prótacail ón gComh-Aireacht Airí. Ba cheart ainmniúchán comhaltaí an Bhoird maoirseachta a dhéanamh trí bhíthin próiseas roghnúcháin iomaíoch, ar bhonn na nósanna imeachta a comhaontaíodh agus atá i bhfeidhm tráth a chuirtear tús leis an roghnú.

Chun an chéim sin a chomhlíonadh, ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine sraith orduithe lena gceaptar comhaltaí neamhspleácha agus ionadaithe stáit chuig Boird Mhaoirseachta na bpríomhfhiontar is tábhachtaí faoi úinéireacht stáit, tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch, i gcomhréir le nósanna imeachta an Choiste Ainmniúcháin. Is iad na 10 bhfiontar faoi úinéireacht stáit inar ceapadh na Boird Mhaoirseachta JSC 'Iarnróid na hÚcráine', JSC 'Cuideachta Náisiúnta Gineadóireachta um Fhuinneamh Núicléach "Energoatom"', NJSC 'Naftogaz na hÚcráine', Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta 'Oibreoir Córais Tarchurtha Gáis na hÚcráine' (GTSOU), NPC 'Ukrenergo', Fiontar faoi Úinéireacht Stáit 'Foraoisí na hÚcráine', PJSC 'Cuideachta Loingseoireachta na Danóibe agus na hÚcráine', JSC 'Cuideachta Fuinnimh na hÚcráine', Fiontar faoi Úinéireacht Stáit 'Gléasra Priontála na "hÚcráine" maidir le hurrúis a tháirgeadh' agus PJSC 'Centrenergo'. Is tromlaigh iad comhaltaí neamhspleácha i ngach Bord Maoirseachta de na fiontair faoi úinéireacht stáit a luaitear thuas. Is é sin comhlíonadh 66,7 % de cheanglais na céime. Tá sé beartaithe ag údaráis na hÚcráine an cinneadh prótacail ón gComh-Aireacht Airí a leasú a thuilleadh agus eintitis bhreise a thabhairt isteach i liosta na bpríomhfhiontar is tábhachtaí faoi úinéireacht stáit, mar a comhaontaíodh sa phlé leis an gCoimisiún.
Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go páirteach